UISCEBHEALAÍ ÉIREANN
MEABHRÁN AIRGEADAIS

UISCEBHEALAÍ ÉIREANN – MEABHRÁN AIRGEADAIS

Clár Ábhair

SAINMHÍNITHE 7

CÚLRA 9

Comhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste 9

Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) 9

Comh-Rúnaíocht CATT 9

RÉAMHRÁ 10

Cuspóir an Réamhrá 10

Comhthéacs 10

Treoir a chur i bhfeidhm 10

MEABHRÁN AIRGEADAIS 12

Cuspóir an Mheabhráin Airgeadais (MA) 12

An Meabhrán Airgeadais (MA) a Chur i bhFeidhm....12

Údarás Reachtúil 13

Feidhmeanna 13

RÁITEAS BAINISTÍOCHTA 14

RÓL AGUS FREAGRACHTAÍ 15

Na hAirí 15

An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas....15

Oifigigh Chuntasaíochta na Ranna Coimircíochta 16

Ról na Ranna Coimircíochta do na Comhlachtaí Thuaidh Theas 17

maidir le bainistiú riosca agus feidhmíochta 17

maidir le cumarsáid leis an gComhlacht 17

Duine Cuntasach an Chomhlachta 17

Ceapachán agus Freagrachtaí an Phríomh-Fheidhmeannaigh 18

maidir le pleanáil agus monatóireacht 18

maidir le bainistiú riosca agus acmhainní 19

maidir le cuntasaíocht i leith ghníomhaíochtaí an Chomhlachta 20

Dualgais an Phríomhfheidhmeannaigh a Tharmligean 21

Ról an Phríomh-Fheidhmeannaigh mar Phríomh-Oifigeach i gCásanna Ombudsman 23

Cuntasacht Phairliminte 23

Dul i gComhairle le Custaiméirí 24

PRÓISEAS PLEANÁLA GNÓ 24

An Plean Corparáideach Trí Bliana 24

Plean Gnó Bliantúil 24

Nithe le faomhadh 25
Comhoibriú 25
Pleananna a Fhoilsiú 25
RIALACHAS INMHEÁNACH 25
Bainistiú Riosca 25
Calaois agus gadaíocht 26
Iniúchadh Inmheánach 26
Coiste Iniúchóireachta 27
FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS A THUAIRISCIÚ 28
Ginearálta 28
Faisnéis a chur ar fáil do Ranna Coimircíochta 28
Cuntais Bhliantúla 29
Bliain Airgeadais 29
Formáid na gCuntas 29
INIÚCHADH 29
Iniúchadh Seachtrach 29
Tuarascálacha agus Cuntais a chur faoi bhráid 30
Athbhreithniú faoin gComhlacht 30
Rochtain ar Cháipéisí 30
FOIREANN 32
Réamhrá 32
Gnás Comhairleoireachta 32
Dualgais an Phríomhfheidhmeannaigh 32
Pá 34
Réamhrá 34
Pá na Foirne cé is móite den Phríomhfheidhmeannach 34
Pá an Phríomhfheidhmeannaigh 34
Grádú 34
Réamhrá 34
Postmheastóireachtaí agus Athbhreithnithe Eagraíochtúla 35
Nós Imeachta 35
Earcaíocht 36
Réamhrá 36
Nós Imeachta 36
Poist nua anuas ar an líon foirne 36
Pá tosaigh ar cheapachán cé is móite den Phríomh-Fheidhmeannach 36

Pá tosaigh ar cheapachán an Phríomhfheidhmeannaigh agus téarmaí conartha 37
Pá tosaigh ar chéim in airde a fháil....38
Téarmaí agus Coinníollacha na Seirbhíse 39
Réamhrá 39
Nós Imeachta....39
Pinsin; Iomarcaíocht/Cúiteamh....40
Iompar 40
Sceithireacht 41
Coimhlintí Leasa 41
SAINCHEISTEANNA EILE 42
Taifid a Choinneáil 42
Saoráil Faisnéise 42
Reachtaíocht Chosanta Sonraí....43
MEABHRÁN AIRGEADAIS 44
FOINSÍ MAOINITHE 45
Deontas....45
Maoiniú a Eisíoc....45
Foinsí eile maoinithe 46
Admhálacha 46
Iarmhéideanna 46
Iasachtú....46
Buiséadú 47
Comhréireacht Mhaoinithe....48
CAITEACHAS 48
Soláthar....48
Conarthaí 48
Conarthaí a Bhronnadh gan Iomaíocht Oscailte 49
Léasanna agus Comhaontuithe Cíosa 49
Páirtíochtaí Poiblí/Príobháideacha 49
Fochomhlachtaí & Comhfhiontair 50
Tráthúlacht maidir le hÍocaíochtaí a Dhéanamh....50
Infheistíochtaí Airgeadais agus Maoiniú Neamhghnách 50
Coinníollacha Ginearálta maidir le hÚdarás Caiteachais 50
Eolas Monatóireachta Feidhmíochta a chur ar fáil don Roinn Choimircíochta 51
Moltaí Nua, Conspóideacha nó Drochthorthúla 51
Tarmligin 52

SAINCHEISTEANNA AIRGEADAIS EILE 53
Airgeadra 53
Vírmint 53
Díscríobhanna, Caillteanais agus Íocaíochtaí Speisialta 53
Réamhíocaíochtaí/Íocaíochtaí iarchurtha 53
Iasachtú, Ráthaíochtaí, Slánaíochtaí; Dliteanais Theagmhasacha, Litreacha Sóláis 53
Ró-íocaíochtaí 54
Baincéireacht 55
Cúlchistí a charnadh 55
Deontais a íoc le Tríú Páirtithe 55
ÓCMHAINNÍ A BHAINISTIÚ AGUS A DHIÚSCAIRT 56
Clár Sócmhainní 56
Sócmhainní a Dhiúscairt 56
Sócmhainní a a athshlánú maoiníodh le Deontas 56
SAINCHEISTEANNA EILE 57
Táillí agus Muirir 57
Breithmheastóireacht Eacnamúil 57
Caiteachas Caipitiúil 58
Árachas 58
Bronntanais a thairgtear don Chomhlachta 58
Bronntanais a Thugann an Comhlacht 59
Fáilteachas 59
Comhairleoirí Seachtracha a Úsáid 59
Cártaí Íocaíochta/Creidmheasa 59
MA ATHBHREITHNIÚ, A LÉIRMHÍNIÚ AGUS A LEASÚ 60
IARSCRÍBHINN A – PRIONSABAIL MAIDIR LE hEARCÚ FOIRNE SNA COMHLACHTAÍ FORFHEIDHMITHE THUAIDH THEAS 62
IARSCRÍBHINN B – TEORAINNEACHA CAITEACHAIS THARMLIGTHE 63
Ginearálta 63
Duine Cuntasach 63
Caiteachas Nua/Conspóideach 63
Tarmligin Eile 64
Caillteanais agus Íocaíochtaí Speisialta 67
Comhpháirtíochtaí Poiblí/Príobháideacha 67
Sócmhainní a Athshlánú a Maoiníodh le Deontas 67
Comhairleoirí Seachtracha a Fhostú 67
Table C1 – Cuimsíonn Caillteanais 69

IARSCRÍBHINN C – TAIRSEACHA SOLÁTHAIR MAIDIR LE HAGHAIDH EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ A CHEANNACH 70

Údarás Tarmligthe le haghaidh Earraí agus Seirbhísí a Cheannach 72

Ní bhfuarthas an líon íosta meastachán/tairiscintí....72

Conarthaí a bronnadh gan iomaíocht....72

IARSCRÍBHINN D – COMHGHNÁSANNA INIÚCHTA 73

IARSCRÍBHINN E – CUNTAIS A LEAGAN FAOI BHRÁID AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ TUAIRISCITHE76

Contents

SAINMHÍNITHE

Sa Mheabhrán seo:

ciallaíonn "an Comhaontú" an Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe den Bhreatain Mhór agus Thuaisceart Éireann lenar bunaíodh Comhlachtaí Forfheidhmithe, dar dáta an 8 Márta 1999.

ciallaíonn “Duine Cuntasach” Príomhfheidhmeannach Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas

ciallaíonn “an Tionól” Tionól Thuaisceart Éireann

ciallaíonn “Bord” Comhaltaí Bhord an Chomhlachta arna gceapadh ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas. **[Do Chomhlachtaí a bhfuil Bord acu]**

ciallaíonn “Comhlacht” Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas nó Tourism Ireland Teo.

ciallaíonn “Príomhfheidhmeannach” an t-oifigeach feidhmiúcháin is sinsearaí sa Chomhlacht

ciallaíonn “Coistí an Tionóil” coistí Comhaltaí de chuid Thionól Thuaisceart Éireann, bíodh siad ina gcoistí ad hoc nó reachtúla.

ciallaíonn “Coistí an Oireachtais” coistí nó fochoistí de chuid an Oireachtais.

ciallaíonn “Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntais” Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntais na hÉireann agus Reachtaire Cuntais Thuaisceart Éireann.

ciallaíonn “Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne” Rúnaí Buan na Roinne Coimircíochta i dTuaisceart Éireann agus Ard-Rúnaí na Roinne Coimircíochta in Éirinn.

ciallaíonn “Comhairleoirí Seachtracha” comhairleoirí.

ciallaíonn "Ranna Airgeadais" Roinn an Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Cé is móite de chásanna ina léirítear a mhalairt go sainráite, ba cheart gach tagairt den sórt sin a léirmhíniú mar thagairt do na Ranna Airgeadais ag gníomhú i gcomhpháirt ar bhonn comhaontaithe.

ciallaíonn “Airí Airgeadais” an tAire Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn.

ciallaíonn “Deonta(i)s” aon chineál íocaíochta ar fothacar de “deontas i

gcabhair” é.

ciallaíonn “ICS” Státseirbhís na hÉireann.

ciallaíonn “reachtaíocht” Ordú um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) Tuaisceart Éireann 1999 agus an tAcht um Chomhaontú idir an Bhreatain agus Éirinn 1999, mar a leasaíodh.

ciallaíonn “NCSA” Gníomhaireacht Stáit

Neamh-Thráchtála

ciallaíonn “NDPB” Comhlacht Poiblí Neamh-

Rannach.

ciallaíonn “NICS” Státseirbhís Thuaisceart

Éireann.

ciallaíonn “CATT” an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas.

ciallaíonn “comhrúnaíocht CATT” rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas.

ciallaíonn "Ranna Coimircíochta" na Ranna Coimircíochta i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn a íocann deontais leis an Chomhlacht. Cé is móite de chásanna ina léirítear a mhalairt go sainráite, ba cheart gach tagairt den sórt sin a léirmhíniú mar thagairt do na Ranna Coimircíochta ag gníomhú i gcomhpháirt ar bhonn comhaontaithe.

ciallaíonn “arna vótáil” soláthar a vótáil Tionól Thuaisceart Éireann agus /nó ceachtar Teach san Oireachtas nó an dá Theach.

Contents

CÚLRA

Comhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste

1. Aontaíodh ar Chomhaontú na Breataine-na hÉireann ('an Comhaontú') idir Rialtais na Breataine agus na hÉireann ar Aoine an Chéasta, an 10 Aibreán 1998. Leis an Chomhaontú, leagadh síos socruithe nua institiúideacha agus bunreachtúla éagsúla, lena n-áirítear Tionól Thuaisceart Éireann, Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus Comhlachtaí Forfheidhmithe. Tugadh éifeacht dhlíthiúil don Chomhaontú leis an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus leis an Acht um Comhaontú na Breataine-na hÉireann 1999, mar a leasaíodh.

An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT)

2. Bunaíodh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), ina bhfuil Airí de chuid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann, faoi Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta (1998), chun comhairliúchán, comhoibriú agus gníomhaíocht a fhorbairt ar oileán na hÉireann – lena n-áirítear an feidhmiú ar bhonn oileánach agus trasteorann – maidir le cúrsaí a bhfuil comhleas iontu agus atá laistigh de chumhacht na Riarachán, idir Thuaidh agus Theas.

3. Tá sé cinn de Chomhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas faoi cheannas CATT, mar atá Uiscebhealaí Éireann, Bord Sábháilteachta Bia, Forbairt Tráchtála agus Ghnó, Cláir Speisialta AE, Teanga, agus Gníomhaireacht na Lochanna, chomh maith le Fáilte Éireann Teo. Cé go bhfuil a saindualgais féin acu, tá na comhlachtaí seo go léir faoi réir ag treoir bheartais CATT.

Comh-Rúnaíocht CATT

4. Faigheann obair CATT tacaíocht ó Chomh-Rúnaíocht bhuan, a bhfuil baill de Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus de Státseirbhís na hÉireann ag obair inti. Tá an Rúnaíocht, atá lonnaithe in Ard Mhacha, faoi stiúir beirt Chomh-Rúnaithe a cheapann na Riaracháin, Thuaidh agus Theas. Tugann an Chomh-Rúnaíocht tacaíocht agus éascú do CATT maidir le comhairliúchán, comhoibriú agus gníomhaíocht a fhorbairt ar oileán na hÉireann ar ábhair ar comhleas iad atá laistigh de chumhacht an dá riarachán.

Contents

RÉAMHRÁ

Cuspóir an réamhrá

5. Cuireann an réamhrá oibriú an Mheabhráin Airgeadais (MA) seo i gcomhthéacs agus soláthraíonn sé forléargas ar phríomhphrionsabail an rialachais chorparáidigh agus ar an tionchar a bhíonn acu ar chomhlachtaí Thuaidh/Theas. Aibhsíonn sé freisin roinnt saincheisteanna coitianta a bhaineann go sonrach le comhlachtaí Thuaidh/Theas agus molann sé an chaoi ar cheart déileáil leo.

Comhthéacs

6. Tá na Comhlachtaí Thuaidh Theas uathúil sa mhéid go gcuireann siad polasaithe agus gníomhaíochtaí i bhfeidhm ar bhonn comhaontú trasteorann agus oileánach. Le go mbeidh na socruithe airgeadais atá leagtha amach sa MA seo éifeachtach, ní mór do na Comhlachtaí agus do na Ranna bainteacha i ngach dlínse oibriú i gcomhpháirtíocht agus caidreamh bunaithe ar mhuinín a bheith acu. Tá sé tábhachtach go gcothófar cumarsáid agus comhairliúchán maith idir gach duine lena mbaineann. Déanann an MA seo iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir an gá le neamhspleáchas leordhóthanach a thabhairt do na Comhlachtaí chun a gcuid feidhmeanna comhaontaithe a chur i gcrích ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, agus an gá do na Comhlachtaí cuntas ceart a thabhairt dá bpáirtithe leasmhara agus do pháirtithe leasmhara eile as maoirseacht na gcistí poiblí, i gcomhréir le croíphrionsabail an rialachais chorparáidigh. I spiorad an chomhoibrithe trasteorann, is é an prionsabal foriomlán sa doiciméad seo ná gur cheart do na Ranna Airgeadais agus do na Ranna Coimircíochta dul i gcomhairle lena macasamhla faoi seach sa dlínse eile, chun a chinntiú go ndéantar cinntí go comhpháirteach agus go gcuirtear in iúl do na Comhlachtaí iad.

7. Nuair nach féidir seo a dhéanamh ba chóir go mbeadh cúis agus bunús soiléir ann maidir le haon chinneadh aontaobhach a dhéantar.

Treoir a chur i bhfeidhm

8. Is sainiúil iad na Comhlachtaí Thuaidh Theas i gcomparáid le comhlachtaí poiblí eile sa mhéid gur bhunaigh Rialtais an dá dhlínse iad i gcomhpháirt. In 2011, d'aontaigh an Oifig um Staidreamh Náisiúnta (ONS) agus an Phríomh-Oifig Staidrimh, Éire (CSO) go rangófaí na Comhlachtaí Thuaidh/Theas in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon mar chuid de na hEarnálacha Lárnacha Rialtais faoi seach. Ó thaobh an chleachtais de, caitear leis na Comhlachtaí mar

Chomhlachtaí Poiblí Neamh-Rannacha (NDPB) i dTuaisceart Éireann agus mar Ghníomhaireachtaí Neamh-Thráchtala Stáit (NCSA) in Éirinn agus tá de cheangal orthu, ó thaobh an rialachais chorparáidigh, na cuntasachta agus na cuntasóireachta de, cloí le

treoir agus le dea-chleachtas atá i bhfeidhm do na heagraíochtaí seo oiread agus is praiticiúil sin a dhéanamh. Aithnítear gur féidir leis seo deacrachtaí a chruthú nuair a bhíonn difríocht idir an dá thacar treoracha. Nuair a bhíonn treoracha ón Tuaisceart agus ón Deisceart ann maidir le saincheist ar leith, beifear ag súil go gcomhlíonfaidh Comhlacht critéir an Tuaiscirt agus an Deiscirt araon. Má bhíonn aon deacrachtaí ag Comhlacht maidir leis seo, ba cheart dó teagmháil a dhéanamh lena Ranna Urraíochta, a lorgóidh comhairle ó na Ranna Airgeadais, más gá.

9. Is é an prionsabal ginearálta maidir le treoir a eisiúint do Chomhlachtaí Thuaidh/Theas ná gur cheart do na Ranna Airgeadais agus do na Ranna Coimircíochta oibriú i gcomhar lena chéile chun comhthreoir a sholáthar, mar atá i gcás na treorach maidir le pleanáil ghnó agus tuairisciú airgeadais. Coinníonn gach dlínse (Ranna Airgeadais agus Ranna Coimircíochta) an ceart, áfach, treoir shonrach a eisiúint do Chomhlachtaí más gá. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don Roinn a bhíonn ag eisiúint dul i gcomhairle lena macasamhail ábhartha sula ndéanann sí amhlaidh. Ba cheart do na Ranna Coimircíochta plé a dhéanamh freisin ar chur i bhfeidhm aon treorach a eisítear.

Contents

MEABHRÁN AIRGEADAIS

Cuspóir an Mheabhráin Airgeadais (MA)

10. Dearbhaíonn an reachtaíocht lena mbunaítear an Comhlacht "go gcomhlíonfaidh an Comhlacht forálacha Meabhráin Airgeadais a ullmhaítear don Chomhlacht faoi na Ranna i dTuaisceart Éireann agus na Ranna in Éirinn a íocann deontais leis an Chomhlacht agus faoi na Ranna Airgeadais. Leagfaidh sé síos na socruithe mionsonraithe airgeadais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cuntais, an bhliain chuntasaíochta agus an airgeadra, a mbeidh ar an gComhlacht cloí leo."

11. De bharr forbairtí ar shocruithe urraíochta idir ranna rialtais agus a gcomhlachtaí urraithe, tá an Meabhrán Airgeadais anois ina dhá chuid - ar an chéad dul síos, Ráiteas Bainistíochta a leagann amach na socruithe rialachais agus cuntasachta, agus ar an dara dul síos, an Meabhrán Airgeadais a leagann amach an caidreamh airgeadais agus go sonrach ról agus freagrachtaí áirithe de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT) agus na Ranna Airgeadais maidir leis na Comhlachtaí. Ba cheart é a léamh i gcomhar leis an Chomhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe den Bhreatain Mhór agus Thuaisceart Éireann a bhunaigh Comhlachtaí Forfheidhmithe agus an reachtaíocht bhainteach sa dá dhlínse.

Feidhmiú an Mheabhráin Airgeadais (MA)

12. Féadfar forlíonadh a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha atá leagtha amach sa MA seo le treoirlínte nó treoracha a chomhaontaíonn agus a eisíonn CATT, na Ranna Coimircíochta (ag gníomhú i gcomhpháirt más féidir) nó na Ranna Airgeadais (ag gníomhú i gcomhpháirt más féidir).

13. Comhlíonfaidh an Comhlacht na coinníollacha agus na riachtanais atá leagtha amach sa chomhcháipéis, mar aon le coinníollacha ar bith eile a d'fhéadfadh CATT, na Ranna Coimircíochta nó na Ranna Airgeadais a ordú.

14. Tabharfaidh na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais freagra ar iarratais ghnó an Chomhlachta laistigh de thréimhse réasúnta ama (laistigh de cheithre seachtaine nó níos lú más féidir) chun feidhmiú éifeachtach ghnó an Chomhlachta a éascú.

15. Ba chóir cóip den MA seo a thabhairt do bhaill nuacheaptha an Choiste Iniúchóireachta, foireann ardbhainistíochta sa Chomhlacht agus d'fhoireann na Roinne Coimircíochta tráth a gceaptar iad.

Contents

Údarás reachtúil

16. Is é an t-údarás reachtúil don Chomhlacht ná an reachtaíocht bhunaithe, is é sin le rá, an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh-Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 agus Achtanna Chomhaontú na Breataine agus na hÉireann, mar a leasaítear ó am go ham.

Feidhmeanna

17. Leagtar amach príomhfheidhmeanna an Chomhlachta agus na socruithe lena gcuirfear i bhfeidhm iad i gCuid [1] míreanna 1.1 – 1.7 d'Iarscríbhinn 1 agus i gCuid [1] Míreanna 1.1 – 1.7 agus [7] míreanna 1.1 – 8 d'Iarscríbhinn 2 de Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, dar dáta an 8 Márta 1999.

Contents

RÁITEAS BAINISTÍOCHTA

Contents

RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ

Na hAirí

18. Tá Airí na Ranna Coimircíochta cuntasach don Tionól/Dáil Éireann, de réir mar is cuí, as gníomhaíochtaí agus feidhmíocht an Chomhlachta. I measc a gcuid freagrachtaí tá:

    (i) Aontú le cuspóirí straitéiseacha an Chomhlachta agus leis an chreat beartais agus feidhmíochta ina n-oibreoidh an Comhlacht (mar a leagtar amach sa Mheabhrán Airgeadais seo agus sna doiciméid ghaolmhara).

    (ii) An Tionól/Dáil Éireann a choinneáil ar an eolas faoi fheidhmíocht an Chomhlachta de réir mar is gá.

    (iii) Faomhadh a fháil do mhéid an deontais atá le híoc leis an Chomhlacht.

An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas

19. Beidh forléargas ag CATT ar an chomhoibriú ar oileán na hÉireann agus na n-institiúidí Thuaidh Theas agus beidh na nithe a leanas i measc a cuid freagrachtaí:

    (i) Cinntí a dhéanamh faoi bheartais agus faoi ghníomhartha a bheidh le cur i bhfeidhm ag na Comhlachtaí Thuaidh Theas agus aidhmeanna agus cuspóirí na gComhlachtaí a chomhaontú faoi réir na reachtaíochta bunaithe.
    (ii) An Príomh-Fheidhmeannach a cheapadh.
    (iii) Faomhadh a dhéanamh ar Phleananna Corparáideacha agus Gnó a chuimsíonn buiséad an Chomhlachta.
    (iv) Faomhadh a dhéanamh ar thuarastal, grádú, líon agus aon choinníollacha eile seirbhíse a bhaineann d'fhoireann an Chomhlachta.
    (v) Beidh ollchruinniú dhá uair sa bhliain ag an Chomhairle; beidh cruinnithe ar bhonn rialta, minic i bhformáidí sainearnála; agus ar bhonn institiúidiúil chun breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna trasearnála agus míréir a réiteach mar is gá.

Oifigigh Chuntasaíochta na Ranna Coimircíochta

20. Leagtar amach príomhfheidhmeanna agus príomhfhreagrachtaí na nOifigeach Cuntasaíochta Roinne (Rúnaithe Buan/Ard-Rúnaithe de réir mar is cuí) i Meabhrán sonrach d'Oifigigh Chuntasaíochta i ngach dlínse.

21. Tá Oifigigh Chuntasaíochta Rannacha na Ranna Coimircíochta freagrach as cuibheas agus rialtacht na n-acmhainní go léir a vótálann na reachtais ábhartha do na Ranna Coimircíochta. I gcomhréir leis an chleachtas agus an nós imeachta atá ann cheana sa dá dhlínse, is é freagracht Oifigigh Chuntasaíochta na Ranna Coimircíochta na nithe a leanas a dhéanamh:

(i) a chinntiú go mbíonn aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha an Chomhlachta ag tacú le haidhmeanna níos leithne na Ranna Coimircíochta;
(ii) a chinntiú go bhfuil na rialuithe bainistíochta airgeadais, cuntasachta agus eile a chuireann an Roinn Choimircíochta i bhfeidhm ar an Chomhlacht oiriúnach chun na cistí poiblí a chuirtear ar fáil don Chomhlacht a chosaint mar thacaíocht dá chuid oibríochtaí agus chun monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialuithe seo ag an Chomhlacht;
(iii) iad féin a shásamh go gcuirfidh na córais airgeadais agus bhainistíochta faisnéis chruinn agus thráthúil ar fáil do na Ranna Coimircíochta;
(iv) a chinntiú go gcomhlíonann na rialuithe a bhíonn i bhfeidhm ag an Chomhlacht na riachtanais a bhaineann le tíosacht, cuibheas agus dea-bhainistíocht airgeadais;
(v) a chinntiú go gcuirtear cuntais an Chomhlachta faoi bhráid na Ranna Coimircíochta, de réir mar is cuí, agus go bhfuil córais chuntasaíochta agus socruithe eagraíochtúla an Chomhlachta leordhóthanach chun airgead poiblí an Chomhlachta a riar i gceart;
(vi) a chinntiú go bhfuil scaoileadh na ndeontas don Chomhlacht i gcomhréir leis an tsuim atá ceadaithe don tréimhse ama sin, le coinníollacha an deontais agus le riachtanas airgeadais léirithe, agus go ndéantar monatóireacht ar chomhlíonadh na gcoinníollacha seo
(vii) monatóireacht ar chaiteachas agus iasachtaíocht
(viii) a chinntiú go ndéanann an Comhlacht pleananna corparáideacha agus gnó a chur isteach i gcomhréir le téarmaí an Mheabhráin seo agus le haon cheanglais a shonraíonn na Ranna Coimircíochta, agus iad ag gníomhú i gcomhpháirt, agus go ndéantar iad seo a mheas i gcomhthéacs na bpríomhthosaíochtaí beartais foriomlána sula gcuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais iad ar dtús lena fhaomhadh agus ansin faoi bhráid CATT lena fhaomhadh chun cinneadh a dhéanamh; agus
(ix) freastal mar is oiriúnach a dhéanamh ar aon chruinniú ábhartha Coiste sa Tionól nó Coiste nó Fo-Choiste de chuid Theach ar bith nó dhá Theach

an Oireachtais.

Contents

Ról na Ranna Coimircíochta ag Comhlachtaí Thuaidh Theas

22. Cabhróidh oifigigh na Ranna leis na hOifigigh Chuntasóireachta sna Ranna maidir leis na dualgais seo a chur díobh. Is iad oifigigh na ranna, i gcomhairle leis an Oifigeach Cuntasaíochta Rannaíochta, an phríomhfhoinse chomhairle don Aire maidir le comhlíonadh a gcuid freagrachtaí i leith an Chomhlachta, agus an príomhphointe teagmhála don Chomhlacht agus iad ag plé leis an Roinn Choimircíochta. Tabharfaidh na hoifigigh seo comhairle don Aire maidir leis na nithe a leanas:

- creat oiriúnach cuspóirí agus aidhmeanna don Chomhlacht i bhfianaise mhóraidhm[eanna] straitéiseach[a] agus chuspóirí reatha na Roinne.
- buiséad oiriúnach don Chomhlacht i bhfianaise na dtosaíochtaí atá ag an Roinn don chaiteachas poiblí
- a fheabhas atá ag éirí leis an Chomhlacht maidir lena chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus cé acu atá sé ag cur luach ar airgead ar fáil nó nach bhfuil.

23. Déanfaidh na hoifigigh seo na nithe a leanas, mar thacaíocht le hOifigeach Cuntasaíochta na Roinne:

maidir le feidhmíocht agus bainistiú riosca

- maoirseacht urraíochta a sholáthar ar ghníomhaíochtaí an Chomhlachta.
- aghaidh a thabhairt go tráthúil ar aon fhadhbanna suntasacha a eascraíonn sa Chomhlacht.
- monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Chomhlachta ar bhonn riosca agus socruithe maoirseachta a neartú más gá; agus comhairle a thabhairt i gcomhairle le Ranna Airgeadais faoi leasuithe ag teastáil ar an MA dá réir. Ba cheart go n-aontódh na Ranna Coimircíochta agus Airgeadais Thuaidh agus Theas le haon leasuithe den sórt sin.

maidir le cumarsáid leis an Chomhlacht

an Comhlacht a chur ar an eolas faoi bheartas ábhartha an Rialtais go tráthúil; más gá, comhairle a thabhairt faoi léirmhíniú an bheartais sin; agus saintreoir a thabhairt don Chomhlacht mar is riachtanach.

Duine Cuntasach don Chomhlacht

24. Is é an Príomh-Fheidhmeannach a bheidh mar Dhuine Cuntasach don Chomhlacht agus iad freagrach as riarachán éifeachtach, éifeachtúil an Chomhlachta.

25. I dtaca le Tionól Thuaisceart Éireann, déanfaidh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne an Duine Cuntasach a ainmniú, agus is chuig an Oifigeach sin a thuairisceoidh sé/sí mar Dhuine Cuntasach i gcomhréir le gnásanna atá bunaithe.

26. In Éirinn, leagtar amach sa Mheabhrán d'Oifigigh Chuntasaíochta gurb iad na Boird agus na Príomhfheidhmeannaigh de chuid chomhlachtaí earnála poiblí, nó sa chás seo Comhlachtaí Thuaidh Theas, atá freagrach as a n-eagraíochtaí a reáchtáil agus as a gcuid cuntas a ullmhú.

27. I gcás aon éisteachta i leith an Chomhlachta ag aon Choiste de Thionól Thuaisceart Éireann, tiocfaidh an Príomhfheidhmeannach i láthair má ghairtear isteach iad mar fhinné tionlacain in éineacht leis an Oifigeach Cuntasaíochta Roinne ábhartha. I gcás aon éisteachta i leith an Chomhlachta ag aon Choiste nó fochoiste de cheachtar Teach nó de dhá Theach an Oireachtais, tiocfaidh an Príomhfheidhmeannach i láthair má ghairtear isteach iad ina gceart féin.

Ceapachán agus dualgais an Phríomh-Fheidhmeannaigh

28. CATT a cheapann Príomh-Fheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann. Ceapfaidh an Príomh-Fheidhmeannach éigeandála/eatramhach más gá sin.

29. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach go pearsanta as na cistí poiblí atá faoina gcúram a chosaint; as cuibheas, rialtacht agus luach an airgid a chinntiú i láimhseáil na gcistí poiblí sin; as diomailt nó cur amú a sheachaint agus as oibriú agus bainistiú laethúil an Chomhlachta.

30. Beidh na freagrachtaí seo a leanas ag an Phríomh-Fheidhmeannach go háirithe:

maidir le pleanáil agus monatóireacht:

- na pleananna corparáideacha agus gnó a bhunú, i gcomhaontú leis na Ranna Coimircíochta agus le CATT, chun tacú le cuspóir[í] straitéiseach[a] níos leithne na Ranna;

- na Ranna Coimircíochta a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn an Chomhlachta maidir le cuidiú le cuspóirí straitéiseacha níos leithne na Ranna a bhaint amach (más ábhartha) agus maidir le léiriú ar an chaoi a bhfuiltear ag úsáid acmhainní chun na cuspóirí sin a bhaint amach; a chinntiú go gcuirtear réamh-mheastacháin thráthúla agus faisnéis mhonatóireachta ar fheidhmíocht agus ar airgeadas ar fáil do na Ranna Coimircíochta agus do CATT; go gcuirtear na Ranna Coimircíochta ar an eolas go pras má bhíonn róchaiteachas nó go bhfuil an baol ann go mbeidh róchaiteachas nó easchaiteachas ann agus go dtabharfar faoi bheart ceartaitheach; agus go gcuirtear aon fhadhbanna suntasacha, baineadh siad le hairgeadas nó eile, agus bíodh siad braite ag iniúchóireacht inmheánach nó ar mhodhanna eile, in iúl do na Ranna Coimircíochta go tráthúil; agus
- a chinntiú go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach sa Mheabhrán seo agus nach ndéantar caiteachas ach an oiread a d'údaraigh na Ranna Coimircíochta agus chun na gcríoch sin amháin, agus más oiriúnach le cead na Ranna Airgeadais.

Má fhaigheann an Príomhfheidhmeannach treoir a measann siad a bheadh ag sárú cheanglais an chuibhis nó na rialtachta nó fhorálacha an Mheabhráin seo, nó nach léiríonn sí riarachán stuama nó eacnamaíoch, nó éifeachtúlacht nó éifeachtacht, nó luach ar airgead, beidh sé de dhualgas orthu sin a chur in iúl do na Ranna Coimircíochta (más cuí) agus do Chomh-Rúnaíocht CATT i scríbhinn, agus cóip chomh maith a sheoladh chuig na hOifigigh Chuntasaíochta sna Ranna. I gcúinsí den sórt sin, sa Tuaisceart, is gnách gurb é an Príomhfheidhmeannach (i gcomhar le hionadaithe ó na Ranna Coimircíochta de réir mar is gá) a bheadh freagrach go príomha as an seasamh a chosaint ag aon fhiosrúchán ina dhiaidh sin, lena n-áirítear freastal ar an choiste rannach ábhartha. I ndeireadh na dála, d'fhéadfaí a iarraidh ar an Aire freastal freisin. Má tá éisteacht de chuid Choiste Cuntas Poiblí (CCP) ar siúl, ansin is gnách gurb iad an Príomhfheidhmeannach agus Rúnaí Buan na Roinne Coimircíochta a fhreastalaíonn uirthi.

maidir le riosca agus acmhainní a bhainistiú:

- a chinntiú go gcuirtear córas inmheánach rialaithe agus bainistíochta riosca i bhfeidhm, go ndéantar monatóireacht air agus go gcothaítear é chun eolas a dhéanamh do chinntí maidir le pleanáil airgeadais agus oibríochtúil agus chun cuidiú le cuspóirí agus spriocanna a bhaint amach;
- a chinntiú go gcothaítear córas éifeachtach bainistíochta clár agus tionscadal agus bainistíochta conarthaí
- Córas bainistíochta airgeadais an Chomhlachta a choinneáil faoi athbhreithniú agus na tuairisceáin thréimhsiúla a measann na Ranna

Coimircíochta a bheith riachtanach a sholáthar chun a sásamh féin a fháil maidir le héifeachtacht na gcóras sin.

- a chinntiú go bhfuil faomhadh sonrach d'íocaíochtaí faighte ó na húdaráis chuí i ngach cás ina bhfuil sé sin riachtanach agus go bhfuil na híocaíochtaí laistigh den bhuiséad ceadaithe.
- a chinntiú go gcomhlíontar Treoracha an AE um Sholáthar Poiblí nó an Polasaí Soláthair ábhartha i dTuaisceart Éireann.

- a chinntiú go n-úsáidtear aon chistiú poiblí eile a fhaigheann an Comhlacht (lena n-áirítear aon ioncam nó fháltas eile) chun na críche a cheap an Tionól/Dáil Éireann, agus go n-úsáidtear an t-airgead sin, chomh maith le sócmhainní, foireann agus trealamh an Chomhlachta, go tíosach éifeachtúil éifeachtach;
- a chinntiú go bhfuil bainistíocht inmheánach agus rialuithe airgeadais leordhóthanacha oiriúnach agus go gcomhlíonann siad ceanglais an chuibhis, na rialtachta agus na dea-bhainistíochta airgeadais, agus go n-áirítear iontu bearta éifeachtacha in aghaidh na calaoise agus na gadaíochta;
- córas cuimsitheach d'údaráis inmheánacha tharmligthe a chothabháil a chuirtear in iúl don fhoireann ar fad, mar aon le córas chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an chomhlíonadh leis na gnéithe tarmligthe seo;
- a chinntiú go seachnaítear coinbhleachtaí leasa nuair is féidir, nó go ndéantar iad a bhainistiú go cuí i ngníomhartha nó i gcomhairle na foirne;
- a chinntiú go bhforbróidh an Comhlacht agus go gcomhlíonfaidh sé polasaithe cuí pearsanra agus téarmaí agus coinníollacha neamh-íocaíochta (a bhaineann lena fhoireann sa dhlínse ina bhfuil siad lonnaithe), agus go ndéanfaidh sé aon choigeartuithe ar na polasaithe agus ar na téarmaí agus coinníollacha seo, agus na cinn a bhaineann le hoifigigh phoiblí san ICS nó san NICS agus ceanglais reachtúla á gcur san áireamh; agus
- a chinntiú go socróidh an Comhlacht, le faomhadh CATT agus na nAirí Airgeadais, an luach saothair, an grádú, líon na foirne agus coinníollacha seirbhíse eile don Phríomh-Fheidhmeannach agus d'fhoireann eile an Chomhlachta.

maidir le cuntasaíocht a dhéanamh i dtaca le gníomhaíochtaí an Chomhlachta:

- freagracht a ghlacadh as a chinntiú go gcoinneofar taifead cuí maidir leis na cuntais agus go ndéanfar na cuntais a réiteach agus a chur i láthair i gcomhréir le haon treoracha a chomheiseodh an tAire, na Ranna Coimircíochta, nó na Ranna Airgeadais;
- na ráitis agus na tuarascálacha oiriúnacha a shíniú lena gcur isteach sna tuarascálacha agus cuntais bhliantúla, i gcomhréir leis an treoir ábhartha arna comheisiúint ag na Ranna Airgeadais;
- a chinntiú go mbunófar gnásanna éifeachtacha le haghaidh gearáin a láimhseáil sa Chomhlacht agus go mbeidh eolas forleathan orthu taobh istigh de;
- gníomhú i gcomhréir le téarmaí an doiciméid seo agus leis na treoracha agus an treoir ábhartha a eisíonn CATT, Rialtas na hÉireann, Riarachán Thuaisceart Éireann, Ranna Coimircíochta nó Ranna Airgeadais ó am go ham, agus aon mholtaí ábhartha ó Choiste ábhartha an Tionóil a chur i

bhfeidhm nuair a ghlacann Riarachán Thuaisceart Éireann leo, nó nuair a ghlacann Coiste nó fhochoiste de Theach, nó de dhá Theach an Oireachtais leo nuair a ghlacann Rialtas na hÉireann leo;

- fianaise a thabhairt, sa chás go mbeidh gairm ó Choiste na gCuntas Poiblí maidir le húsáid agus le stiúir na gcistí poiblí sa Chomhlacht;

- bheith ar fáil do Choiste de chuid an Tionóil nó do Choiste nó d'Fhochoiste de Theach ar bith nó de dhá Theach an Oireachtais, lena n-áirítear freastal ar a gcruinnithe, má iarrtar sin, i dtaca le:
  - rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a cheanglaítear a thaifeadadh in aon chuntas atá faoi réir iniúchta ag na hArd-Reachtairí Ciste agus Cuntais;
  - tíos agus éifeachtúlacht an Chomhlachta maidir le húsáid a chuid acmhainní;
  - na nósanna imeachta agus na cleachtais chórasacha a úsáideann an Comhlacht chun éifeachtacht a chuid oibríochtaí a mheas; agus
  - aon cheist a bhainfeadh don Chomhlacht a dtagrófaí di i dtuarascáil de chuid na nArd-Reachtairí Ciste agus Cuntais, a chuirtear faoi bhráid Dháil Éireann agus/nó an Tionóil;
- comhairle a chur ar na Ranna Coimircíochta agus ar Chomh-Rúnaíocht CATT maidir le aon saincheist shuntasach, mar is oiriúnach;
- a chinntiú go ngníomhaíonn an Comhlacht i gcomhréir leis an Chód Cleachtais um Shaoráil Faisnéise do Chomhlachtaí atá faofa ag CATT (amharc fosta leathanach 38); agus
- a chinntiú go gcomhlíonann an Comhlacht an Reachtaíocht Chomhionannais ábhartha.

Dualgais an Phríomh-Fheidhmeannaigh a Tharmligean

31. Féadfaidh an Príomh-Fheidhmeannach freagrachtaí a tharmligean chuig baill shinsearacha eile foirne laistigh den Chomhlacht de réir mar is cuí leo. Mar sin féin, ní féidir leo a lánfhreagracht a tharmligean chuig baill eile foirne. Féadfaidh an Príomh-Fheidhmeannach freagrachtaí a tharmligean nó acmhainní a leithdháileadh de réir mar a mheasann siad a bheith riachtanach i gcomhréir le tosaíochtaí, faoi réir na bpleananna corparáideacha agus bliantúla a chomhaontaigh CATT. Coinneoidh siad gníomhaíochtaí oibríochtúla an Chomhlachta faoi athbhreithniú agus tionólfaidh siad cruinnithe rialta bainistíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus ar fheidhmíocht.

32. Nuair a bhíonn an Príomh-Fheidhmeannach as láthair ar feadh tréimhse gairide agus nach féidir teagmháil a dhéanamh leo go héasca, ba cheart d'oifigeach sinsearach eile teacht isteach ina n-áit. Má tá an chuma ar an scéal go mbeidh neamhláithreacht shuntasach de níos mó ná ceithre seachtaine ann, ba cheart don Chomhlacht teagmháil a dhéanamh leis na Ranna Coimircíochta, a dhéanfaidh comhairliúchán le Comh-Rúnaíocht CATT, chun socruithe malartacha a mheas.

33. Beidh séala ag an Chomhlacht, a mbeidh aon fheidhm aige arna údarú ag síniú

a. Phríomh-Fheidhmeannach an Chomhlachta nó Ghníomhaireacht de chuid an Chomhlachta; nó
b. aon bhall foirne eile sa Chomhlacht arna údarú sa mhéid sin ag Príomh-Fheidhmeannach an Chomhlachta nó Ghníomhaireacht de chuid an Chomhlachta.

34. Ní bheidh an Séala riachtanach nuair a bheifear ag síniú Cuntais Bhliantúla Uiscebhealaí Éireann. Sa chás go n-iarrtar an séala le haghaidh aon Cháipéisíocht Chuntasaíochta déanfar cuspóir an tSéala a athbhreithniú i ngach cás faoi leith agus gheofar comhairle ábhartha maidir lena úsáid.

Ról an Phríomh-Fheidhmeannaigh mar Phríomh-Oifigeach i gCásanna Ombudsman

35. Tá an Comhlacht faoi dhlínse Ombudsman na Seirbhísí Poiblí Tuaisceart Éireann agus Ombudsman na hÉireann, a dhéanfaidh idirchaidreamh agus comhairliúchán lena chéile. Is é Príomhfheidhmeannach an Chomhlachta an Príomhoifigeach chun cásanna a láimhseáil a bhaineann le hOmbudsman Thuaisceart Éireann nó le hOmbudsman na hÉireann. Mar Phríomhoifigeach, cuirfidh siad Oifigigh Chuntasaíochta na Ranna Coimircíochta ar an eolas faoi aon ghearáin faoin Chomhlacht a ghlacann ceachtar Ombudsman le haghaidh fiosrúcháin, agus faoi fhreagra molta an Chomhlachta ar aon mholtaí a dhéanann Ombudsman ina dhiaidh sin.

Cuntasacht Phairliminte

36. Tiocfaidh ball den Chomhlacht nó dá fhoireann, má iarrtar sin, i láthair os comhair nó chun comhoibriú ar shlí eile le
    (a) coiste de chuid an Tionóil nó coiste nó fochoiste de cheachtar Teach nó de dhá Theach an Oireachtais, i gcomhréir leis an ghnáthchleachtas agus an reachtaíocht ábhartha i ngach dlínse, agus
    (b) CATT.

37. I gcás aon éisteachta i leith an Chomhlachta ag aon Choiste den Tionól nó ag Coiste nó fochoiste de cheachtar Teach nó de dhá Theach an Oireachtais, tiocfaidh an Príomh-Fheidhmeannach i láthair, má ghairtear isteach iad, as a stuaim féin nó, más oiriúnach, mar fhinné in éineacht leis an Oifigeach Cuntasaíochta Roinne ábhartha.

38. Sa Tuaisceart, má fhaigheann Duine Cuntasach de chuid Comhlachta cuireadh teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí, bheadh súil de ghnáth go bhfreastalódh an Rúnaí Buan sa Roinn Choimircíochta ar a leithéid d'éisteachtaí agus go bhféadfaí ceisteanna a chur orthu maidir le saincheisteanna a théann i bhfeidhm go díreach ar a Roinn féin nó ar an gComhlacht Thuaidh Theas. Sa Deisceart, de ghnáth, is iad an Príomh-Fheidhmeannach a fhreastalaíonn ar an Choiste um Chuntais Phoiblí mar an Oifigeach Cuntasach don Chomhlacht. Ní thiocfadh an tArd-Rúnaí i láthair ach amháin dá bhfaigheadh siad cuireadh ón Choiste Oireachtais chun ceisteanna a fhreagairt maidir le cúrsaí a bhfuil siad freagrach astu.

39. Agus fianaise á tabhairt ag an Phríomh-Fheidhmeannach nó ag aon bhall foirne den Chomhlacht d'aon Choiste Parlaiminteach, ní cheisteoidh ná ní léireoidh siad tuairim maidir le fiúntas aon bheartais ná fiúntas cuspóirí a leithéid de bheartas de chuid Rialtas na hÉireann nó Riarachán Thuaisceart Éireann, nó CATT, nó Aire de chuid Rialtas na hÉireann nó Riarachán Thuaisceart Éireann

nó CATT, nó Ard-Aighne na hÉireann nó Ard-Aighne Thuaisceart Éireann.

Dul i gComhairle le Custaiméirí

40. Oibreoidh an Comhlacht i gcomhpháirtíocht lena pháirtithe leasmhara agus lena chustaiméirí chun na seirbhísí/cláir a bhfuil sé freagrach astu a sholáthar, de réir caighdeán comhaontaithe. Déanfaidh sé comhairliúchán go rialta chun tuiscint shoiléir a fhorbairt ar riachtanais agus ar ionchais na saoránach óna sheirbhísí, agus chun aiseolas a lorg ó pháirtithe leasmhara agus ó chustaiméirí araon, agus oibreoidh sé chun seirbhís nua-aimseartha, inrochtana a sholáthar.

PRÓISEAS PLEANÁLA GNÓ

41. Eisíonn na Ranna Airgeadais treoir bhliantúil maidir leis an phróiseas pleanála gnó. Tá sé tábhachtach go n-ullmhaítear an plean gnó bliantúil agus an plean corparáideach trí bliana i gcomhréir leis na hamchláir chomhaontaithe agus go gcothaítear cumarsáid agus comhairliúchán maith i gcónaí i rith an phróisis pleanála gnó idir gach duine lena mbaineann.

Plean Corparáideach Trí Bliana

42. Ceanglaítear ar an Chomhlacht Plean Corparáideach trí bliana a ullmhú ina leagtar amach gníomhaíochtaí an Chomhlachta chun tacú le seachadadh a fhíse, a straitéisí agus a chuspóirí gnó, agus chun a léiriú mar a chuidíonn siad seo le cuspóirí, aidhmeanna agus spriocanna na Roinne Coimircíochta. Ba cheart dó spriocanna sonracha agus táscairí feidhmíochta intomhaiste a mhiondealú do gach cuspóir gnó agus gníomhaíocht, mar aon le pleananna buiséid agus foirne an Chomhlachta. Ba cheart tagairt a dhéanamh don treoir a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus Plean Corparáideach trí bliana á ullmhú.

Plean Gnó Bliantúil

43. Ceanglaítear ar an Chomhlacht Plean Gnó bliantúil a ullmhú ina mbeidh cur síos ar na torthaí atá beartaithe don Chomhlacht agus ar na himpleachtaí maoinithe atá beartaithe. Ba cheart tagairt a dhéanamh don treoir a d'eisigh na Ranna Airgeadais agus an Plean Gnó bliantúil á ullmhú.

44. **Ní mór an plean gnó a ullmhú agus a chur isteach in am go leor chun go bhféadfaidh na Ranna Coimircíochta, na hAirí Airgeadais agus CATT é a fhaomhadh sula dtosaíonn an bhliain lena mbaineann sé.**

Nithe le faomhadh

45. Ba cheart dréachtphleananna corparáideacha agus gnó a chur faoi bhráid na Ranna Coimircíochta in am trátha chun cloí leis an sceideal a bhunaíonn na Ranna Airgeadais gach bliain. Caithfidh an Plean Gnó Bliantúil agus an Plean Corparáideach trí bliana a bheith faofa ag Airí na Ranna Urraíochta, ag na hAirí Airgeadais agus ag CATT.

46. Ní chuireann faomhadh pleananna corparáideacha agus gnó bliantúla ceal ar an riachtanas atá ar an Chomhlacht faomhadh na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais a lorg i gcomhair tionscadal/caiteachais atá os cionn na dteorainneacha tarmligthe ábhartha.

Comhoibriú

47. Tá sé tábhachtach go gcothófar cumarsáid agus comhairliúchán maith i gcaitheamh an phróisis pleanála idir gach duine lena mbaineann. Ba cheart do na Ranna Coimircíochta agus Airgeadais dul i gcomhairle lena macasamhla faoi seach san údarás eile.

Pleananna a Fhoilsiú

48. Cuirfear na pleananna comhaontaithe corparáideacha agus gnó ar fáil go poiblí.

RIALACHAS INMHEÁNACH

Bainistiú Riosca

49. Beidh próiseas cuí bainistithe riosca i bhfeidhm ag an Chomhlacht a chomhlíonfaidh ceanglais na Ranna Coimircíochta agus a bheidh i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an dá Roinn Airgeadais.

50. Ba cheart go mbeadh straitéis fhoirmiúil um bainistiú riosca i bhfeidhm ag an Chomhlacht a thugann aghaidh ar an dóigh a n-aithneofar agus a bhainisteofar rioscaí. Coinneoidh sé clár riosca cuí freisin.

51. Glacfaidh an Comhlacht bearta comhréireacha agus cuí chun measúnú a dhéanamh ar an seasamh airgeadais agus eacnamaíoch d'aon eagraíocht nó comhlacht eile ar intinn leis conradh a dhéanamh leis, nó ar intinn leis deontas nó deontas-i-gcabhair a thabhairt dó.

Calaois agus Gadaíocht

52. Comhlíonfaidh an Comhlacht an treoir agus an dea-chleachtas sa dá dhlínse maidir le gadaíocht agus calaois a chosc agus a bhrath. Glacfaidh an Comhlacht gach beart is gá chun cosaint a thabhairt i gcoinne calaoise agus gadaíochta.

53. Ar an chuid is lú, beidh na nithe a leanas socraithe ag an Chomhlacht

- Beartas frithchalaoise;
- Plean freagartha frithchalaoise; agus
- Oiliúint maidir leis an chalaois a chosc a chur ar fáil don fhoireann chuí.

54. Déanfar gach cás d'iarracht ar chalaois[1], de chalaois amhrasta nó de chalaois chruthaithe a thuairisciú do na Ranna Coimircíochta a luaithe is a aimsítear iad, beag beann ar an tsuim atá i gceist. Déanfaidh na Ranna Coimircíochta iad seo a thuairisciú do na Ranna Airgeadais.

55. Déanfaidh na Ranna Coimircíochta athbhreithniú go tréimhsiúil ar pholasaithe frithchalaoise agus ar nósanna imeachta freagartha an Chomhlachta. Cuirfidh an Comhlacht na Ranna Coimircíochta ar an eolas faoi aon athruithe ina dhiaidh sin ar an pholasaí nó ar an phlean freagartha.

Iniúchadh Inmheánach

56. Bunóidh an Comhlacht feidhm iniúchóireachta inmheánaí éifeachtach a oibreoidh agus a thuairisceoidh i gcomhréir leis an treoir ábhartha a d'eisigh an dá Roinn Airgeadais.

57. Ba chóir do na Ranna Coimircíochta:

- Dréacht-Straitéis Iniúchóireachta an Chomhlachta a fheiceáil sula gcuirfí an síniú deiridh léi;
- gach Tuarascáil Iniúchóireachta a fheiceáil bíodh siad déanta ag Iniúchóirí Inmheánacha nó Seachtracha; agus
- an ceart rochtana a chosaint lena n-athbhreithnithe neamhspleácha féin a dhéanamh ar an Iniúchóireacht Inmheánach sa Chomhlacht.

58. Déanfaidh an Comhlacht comhairliúchán leis na Ranna Coimircíochta chun a chinntiú go bhfuil na Ranna sin sásta le hinniúlacht agus le cáilíochtaí an Cheannasaí Iniúchóireachta Inmheánaí agus go bhfuil na ceanglais chun an ceapachán a fhaomhadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí atá i bhfeidhm sa dá dhlínse.

[1] Níl gá le seo a dhéanamh i dtaca le fioscaireacht, turscar ríomhphoist srl.

59. Déanfaidh na Ranna Coimircíochta athbhreithniú ar théarmaí tagartha an Chomhlachta maidir le soláthar seirbhíse iniúchóireachta inmheánaí. Cuirfidh an Comhlacht na Ranna Coimircíochta ar an eolas faoi aon athruithe ina dhiaidh sin ar théarmaí tagartha na hiniúchóireachta inmheánaí.

Coiste Iniúchóireachta[2]

60. Bunóidh an Comhlacht Coiste Iniúchóireachta neamhspleách. Is é is cuspóir/ról don Choiste Iniúchóireachta comhairle a chur ar an Duine Cuntasach maidir le saincheisteanna rialachais, bainistiú riosca agus rialaithe. Oibreoidh an Coiste seo i gcomhréir leis an treoir a eisíonn na Ranna Airgeadais agus ba cheart dó cruinniú a thionól ar a laghad ceithre huaire sa bhliain.

61. Ba cheart do Ranna Urraíochta mar ghnáthchleachtas:-
- radharc a fháil ar gach Clár Oibre agus Tuarascáil Iniúchóireachta roimh Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus ar na Miontuairiscí deiridh ina dhiaidh; agus
- go ndéanfadh oifigeach ionadaíocht go tréimhsiúil, i gcáil breathnóra, ag Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta.

62. Ó am go ham, iarrfaidh na Ranna Coimircíochta eolas/dearbhú ó Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta maidir le cúrsaí a théann i bhfeidhm ar an Chomhlacht. Ba cheart é seo a sholáthar go tráthúil.

63. Ba cheart cóip den Ráiteas Ráthaíochta Bliantúil ón Chathaoirleach ar an Choiste Iniúchóireachta chuig an Oifigeach Cuntasaíochta don Chomhlacht a sheoladh chuig na Ranna Coimircíochta.

64. Déanfaidh na Ranna Coimircíochta athbhreithniú ar théarmaí tagartha Choiste Iniúchóireachta an Chomhlachta. Cuirfidh an Comhlacht an Roinn Choimircíochta ar an eolas faoi aon athruithe suntasacha ar théarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta.

[2] Cuimsíonn an téarma Coiste Iniúchóireachta Coistí Iniúchóireachta, Coistí Iniúchóireachta agus Riosca,

agus Coistí Iniúchóireachta agus Ráthúnais Riosca.

Contents

FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS A THUAIRISCIÚ

GINEARÁLTA

65. Cuirfidh an Comhlacht tuarascáil ar a chuid gníomhaíochtaí gach bliain faoi bhráid CATT ag an am agus san fhoirm a ordóidh CATT. Leagfar cóip den tuarascáil faoi bhráid an Tionóil agus dhá Theach an Oireachtais (féach Alt 73).

66. Cuirfidh an Comhlacht na tuarascálacha agus an fhaisnéis eile sin ar fáil do CATT nó d'Aire ábhartha a d'fhéadfadh CATT nó an tAire a iarraidh ó am go ham. Ina theannta sin, tá dualgas ginearálta ar an Chomhlacht an fhaisnéis airgeadais sin a bhaineann le hioncam, caiteachas agus toradh deiridh a chur ar fáil do na Ranna Coimircíochta i bhfoirm agus ag amanna a d'fhéadfadh siadsan agus na Ranna Airgeadais a iarraidh.

67. Ag na cruinnithe rialta Aireachta de CATT, cuirfidh an Comhlacht, a ndéanann an Príomhfheidhmeannach ionadaíocht air de ghnáth, tuairisc ar fáil do na hAirí maidir lena fheidhmíocht, lena ghníomhaíochtaí reatha agus amach anseo, agus faoi aon fhorbairtí beartais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin. Cuirfear tuairisc go rialta chuig na Ranna Coimircíochta maidir le feidhmíocht an Chomhlachta lena phríomhchuspóirí a bhaint amach idir na cruinnithe seo.

68. Caithfidh an Comhlacht na Ranna Coimircíochta a chur ar an eolas faoi aon athruithe suntasacha ar an chóras bainistíochta airgeadais i rith na bliana. Caithfear na Ranna Urraíochta a chur ar an eolas láithreach freisin má thagann sé chun solais ag am ar bith gur dócha go mbeidh róchaitheamh nó gannchaitheamh ar an bhuiséad ceadaithe, nó nach mbainfear na príomhspriocanna feidhmíochta amach.

Eolas a chur ar fáil do na Ranna Coimircíochta

69. Cuirfidh an Comhlacht na tuairisceáin faisnéise sin a bhaineann lena imeachtaí nó lena chuid fiontar, a d'fhéadfadh na Ranna Coimircíochta a iarraidh ó am go ham, ar fáil do na Ranna Coimircíochta, agus chun na críche sin ceadóidh sé do dhuine ar bith atá údaraithe ag na Ranna Coimircíochta a chuntais, a leabhair, a dhoiciméid, a shonraí agus a thaifid a iniúchadh agus cóipeanna díobh a dhéanamh, agus cuirfidh sé an míniú ar fáil a d'fhéadfadh an duine sin nó na Ranna Coimircíochta a iarraidh. Níor cheart do na Ranna Coimircíochta ach faisnéis atá riachtanach a iarraidh agus ba cheart dóibh údar soiléir a thabhairt le haghaidh aon iarratas den sórt sin.

70. T

Aontóidh na Ranna Coimircíochta le Príomhfheidhmeannach an Chomhlachta ar chlár de chruinnithe rialta idirchaidrimh agus athbhreithnithe chun malartú faisnéise a éascú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht le hais príomhspriocanna. Tionólfar cruinnithe den sórt sin go ráithiúil nó níos minice más gá.

71. Cuirfidh an Comhlacht faisnéis airgeadais ar fáil chomh maith do na Ranna Coimircíochta.

Cuntais Bhliantúla

An Bhliain Airgeadais

72. An bhliain féilire, chun críche na cuntasaíochta, a bheidh mar Bhliain Airgeadais ag an Chomhlacht.

Formáid na gCuntas

73. Coinneoidh an Comhlacht cuntais agus taifid airgeadais chuí agus ullmhóidh sé ráiteas cuntas i leith gach bliana. Ba cheart na cuntais a ullmhú i gcomhréir le treoir chomhpháirteach na Ranna Airgeadais. Ba cheart na cuntais a ullmhú i bpríomh-airgeadra oibríochta an Chomhlachta agus iad a aistriú go dara hairgeadra faoi chleachtais chaighdeánacha chuntasaíochta. Cuirfear cuntais an Chomhlachta i láthair na reachtas i steirling agus in euro.

74. Ba cheart don Chomhlacht an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais a ullmhú mar a leagtar amach i dTreoir na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas maidir le Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla, arna leasú ó am go ham.

INIÚCHADH

Iniúchadh Seachtrach

75. Cuirfidh an Comhlacht a chuntais bhliantúla faoi réir iniúchta ag na hArd-Reachtairí Ciste agus Cuntais chomh luath agus is féidir tar éis dheireadh Bhliain Airgeadais an Chomhlachta, ach tráth nach déanaí ná 1 Aibreán den bhliain dár gcionn. Déanfaidh na hArd-Reachtairí Ciste agus Cuntais, i gcomhar lena chéile, na cuntais a scrúdú agus a dheimhniú. D'fhéadfadh an Comhlacht a bheith faoi réir scrúduithe freisin ag na hArd-Reachtairí Ciste agus Cuntais maidir le tíos, le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht a léirigh an Comhlacht agus a chuid acmhainní á n-úsáid aige chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ("Scrúduithe Luach ar Airgead"). Comhlíonfaidh an dá Ard-

Reachtaire Ciste agus Cuntais a gcuid dualgas ar bhealach comhoibríoch, bunaithe ar mhodhanna oibre a chomhaontaítear eatarthu (féach na prótacail iniúchóireachta, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn D).

76. Ceadóidh an Comhlacht d'oifigigh iniúchóireachta rochtain a fháil ar gach doiciméad, taifead agus sonra, de réir mar a bheidh de dhíth chun na scrúduithe thuas a chur i gcrích agus i gcomhréir le hOrdú Iniúchóireachta agus Cuntasachta (Tuaisceart Éireann) 2003 agus le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, mar a leasófar ó am go ham. Is é atá i gceist le tagairt d'oifigigh iniúchóireachta sna míreanna seo ná iniúchóirí nach bhfuil fostaithe go díreach in oifigí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ach atá ag obair thar ceann Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste amháin nó an bheirt.

Tuarascálacha agus Cuntais a leagan síos

77. Cuirfidh na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste a dtuarascáil/dtuarascálacha ar na cuntais faoi bhráid an Chomhlachta, mar aon le cóip/cóipeanna de na cuntais. Cuirfidh an Comhlacht na tuarascálacha, mar aon leis na cuntais iniúchta agus tuarascáil bhliantúil an Chomhlachta, ar fáil gan mhoill do na hAirí ábhartha agus do CATT. Leagfar cóipeanna de thuarascálacha na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste, cóipeanna de na cuntais iniúchta agus cóipeanna de thuarascáil bhliantúil an Chomhlachta faoi bhráid an Tionóil agus Thithe an Oireachtais, ag an am céanna más féidir, chomh luath agus is féidir ach tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis iad a fháil (nó faoi 30 Meitheamh, cibé acu is túisce). Tá an Treoir Chomhchoiteann Airgeadais maidir le Cuntais a Chur Isteach agus a Leagan Síos agus Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí a dhéanamh ceangailte le hIarscríbhinn E.

78. Leagfar tuarascálacha faoi scrúduithe luacha airgid, a ullmhaíodh ar bhealach comhoibríoch ag an dá Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an am céanna más féidir sin, faoi bhráid an Tionóil agus Thithe an Oireachtais.

Athbhreithniú ar an Chomhlacht

79. Féadfaidh na Ranna Coimircíochta socrú a dhéanamh go ndéanfar athbhreithnithe tréimhsiúla airgeadais/rialachais. Ní mór don Chomhlacht rochtain leordhóthanach a sholáthar do na Ranna Coimircíochta agus comhoibriú leo agus na hathbhreithnithe seo á ndéanamh.

Rochtain ar Cháipéisí

80. Tabharfaidh an Comhlacht cead rochtana d'ionadaithe ainmnithe na n-Oifigeach Cuntasach sna Ranna Coimircíochta ar gach uile thaifead is gá le go mbeidh na hOifigigh Chuntasacha sna Ranna Coimircíochta in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

FOIREANN

Réamhrá

81. De réir na bhforálacha maidir le socruithe foirne in Iarscríbhinn 2, Cuid 7, alt 3.2 den Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus den Acht comhfhreagrach um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, tá an luach saothair, an grádú, an líon foirne agus coinníollacha seirbhíse eile a bhaineann leis an Phríomhfheidhmeannach agus le foireann eile an Chomhlachta faoi réir fhaomhadh CATT agus na nAirí Airgeadais.

82. Ba cheart an chuid seo maidir le foireann a léamh i gcomhar leis na Prionsabail Foirne in Iarscríbhinn A.

Próiseas comhairliúcháin

83. Más mian le Comhlacht comhairle a lorg maidir le cúrsaí foirne, ba cheart dó é seo a chur i scríbhinn chuig a Roinn Choimircíochta sa dlínse ábhartha, a dhéanfaidh, más cuí, idirchaidreamh leis an Roinn Airgeadais sa dlínse sin, agus a thabharfaidh freagra don Chomhlacht ansin. Níor cheart don Chomhlacht teagmháil a dhéanamh leis na Ranna Airgeadais go díreach.

Dualgais an Phríomh-Fheidhmeannaigh

84. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go ndéanfar an Comhlacht a eagrú agus a fheistiú le foireann ar bhonn slán, i gcomhar leis na Prionsabail i dtaca le Foireann, chun socrú a dhéanamh do tharmligean agus do dheighilt chuí na ndualgas agus chun dea-bhainistíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear tíosúlacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a chur chun cinn in úsáid na n-acmhainní atá ar fáil don Chomhlacht.

85. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as pá, grádú, earcaíocht agus socruithe pinsin do bhaill foirne an Chomhlachta a bhainistiú agus a rialú, i gcomhréir leis na polasaithe ábhartha de chuid ICS agus NICS agus leis na ceanglais reachtúla. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go gcomhlíonfaidh an Comhlacht go hiomlán gach dlí fostaíochta is infheidhme maidir leis an dlínse ina bhfuil a chuid foirne lonnaithe, agus is infheidhme maidir leis na cineálacha foirne atá fostaithe aige. Cé nach liosta uileghabhálach é, áirítear leis seo dlí fostaíochta i gceachtar den dá dhlínse is infheidhme maidir le, mar shampla, printísigh, oibrithe gníomhaireachta, oibrithe conartha, oibrithe

páirtaimseartha, agus foireann a bhfuil stádas fostaíochta neamhchinnte, sealadach, ócáideach, téarma seasta nó buan acu.

Contents

Contents

Pá

Réamhrá

86. Ba cheart go dtreorófaí rátaí pá agus cleachtais le riachtanais ghnó an Chomhlachta, ach níor cheart go mbeadh siad, de ghnáth, níos flaithiúla ná na rátaí a chuirtear i bhfeidhm ar phoist inchomparáide san earnáil phoiblí sa dlínse céanna. Chun críche an chuibhis, beidh sé de dhualgas ar thograí ar fúibh rátaí níos airde a úsáid ná mar a íoctar de ghnáth san earnáil phoiblí, tacaíocht a bheith acu le fianaise shoiléir go bhfuil a leithéid de rátaí riachtanach, agus iad a fháil ceadaithe ag na Ranna Coimircíochta, ansin ag na hAirí Airgeadais agus ansin ag CATT.

Pá don Fhoireann cé is móite den Phríomh-Fheidhmeannach

87. Cuirfear i bhfeidhm, de réir mar is cuí, aon choigeartuithe/athbhreithnithe ginearálta pá a bhaineann le hoifigigh phoiblí san ICS nó san NICS, ar a fhoireann, seachas an Príomhfheidhmeannach, sa dlínse ina bhfuil siad lonnaithe. D'aontaigh na hAirí Airgeadais leis an socrú seo ar an tuiscint nach gcuirfeadh na Ranna Coimircíochta aon choigeartuithe/athbhreithnithe pá in iúl don Chomhlacht ach amháin tar éis dóibh an cead nó an fógra ábhartha a fháil ó na Ranna Airgeadais.

Pá an Phríomh-Fheidhmeannaigh

88. Beidh aon choigeartuithe/athbhreithnithe pá don Phríomhfheidhmeannach faoi réir fhaomhadh na nAirí Airgeadais. Níor cheart do na Ranna Coimircíochta an Comhlacht a chur ar an eolas faoi aon choigeartuithe/athbhreithnithe pá ach amháin tar éis sainfhaomhadh nó fógra ábhartha a fháil ó na Ranna Airgeadais.

Grádú

Réamhrá

89. Cuirfidh na Ranna Airgeadais comhairle ar fáil, trí na Ranna Coimircíochta, faoi ghrádú ar bhonn cás ar chás de réir an bheartais mheastóireachta poist agus grádaithe a bhaineann le ICS nó le NICS.

90. Is é an phrionsabal forlámhach ná nach gciallaíonn uasghrádú poist go huathoibríoch go ndéantar uasghrádú ar shealbhóir an phoist.

Contents

Postmheastóireachtaí agus Athbhreithnithe Eagraíochtúla

91. Go ginearálta, cuireann beartas pá seirbhíse poiblí an deiscirt cosc ar Chomhlacht coimisiúnú a dhéanamh ar phostmheastóireacht do phost sa deisceart chun críocha grádaithe, nó ar athbhreithniú grádaithe eagraíochtúil ar a chuid post sa deisceart. Mar sin féin, i gcúinsí eisceachtúla, nuair a mholann Comhlacht measúnú poist de chuid an deiscirt nó athbhreithniú grádaithe eagraíochtúil ar phoist de chuid an deiscirt a choimisiúnú, tá faomhadh na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais ag teastáil. Má thugtar faomhadh i bprionsabal, ní mór do na Ranna Coimircíochta ansin úsáid saineolaithe grádaithe a fhaomhadh freisin, agus ba cheart dóibh dul i gcomhairle leis na Ranna Airgeadais maidir le hionchur na Ranna Airgeadais a fháil do théarmaí tagartha an ghnímh mheastóireachta.

92. I gcás ina bhfuil Comhlacht ag moladh meastóireacht poist do phost tuaisceartach nó athbhreithniú grádaithe eagraíochtúil ar phoist thuaisceartacha a choimisiúnú, ní mór do na Ranna Coimircíochta cás gnó an Chomhlachta a fhaomhadh, agus ní mór dóibh úsáid saineolaithe grádaithe a fhaomhadh, agus ba cheart dóibh dul i gcomhairle leis na Ranna Airgeadais maidir le hionchur na Ranna Airgeadais a fháil do théarmaí tagartha an ghnímh mheastóireachta

Nós Imeachta

93. Sa chás gur mhaith le Comhlacht post a uasghrádú, ní mór go mbeadh cás gnó agus moltaí grádaithe mar thacaíocht dá mholadh, agus ní mór dó cloí leis na nósanna imeachta comhaontaithe atá leagtha amach i gcreatlach CATT ar a dtugtar "an Creatlach chun Folúntais Bhuana a Líonadh i gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas & Turasóireacht Éireann, lena n-áirítear Uasghrádú Post".

94. Ina theannta sin, má mholann Comhlacht post a athghrádú trí uasghrádú nó trí íosghrádú, ní mór dó cloí freisin leis an phróiseas ceadaithe cuí mar a leagtar amach i gcreatlach CATT ar a dtugtar "An Creatlach d'Athghrádú Post i gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas, Turasóireacht Éireann san áireamh". Chun críocha an Chreata thuasluaite, tagraíonn an tagairt do "Leibhéal an Stiúrthóra" do na poist bhainistíochta dara leibhéal sin amháin a thuairiscíonn don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus atá grádaithe ag leibhéal atá coibhéiseach le nó os cionn ghrád an Phríomhoifigigh (Sinsearach) san ICS agus Ghrád 7 (Príomhoifigeach) san NICS.

Contents

Earcaíocht

Réamhrá

95. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go n-oibríonn an Comhlacht laistigh dá líon foirne atá ceadaithe ag CATT. Ní mór cead a fháil ó na Ranna Coimircíochta, ansin ó na hAirí Airgeadais agus ansin ó CATT chun líon na bpost seo a mhéadú nó a laghdú.

Nós Imeachta

96. Nuair a bhíonn Comhlacht ag líonadh folúntas buan, ní mór dó cloí leis an treoir chomhaontaithe atá leagtha amach i gcreatlach CATT dar teideal "An Creatlach chun Folúntais Bhuana a Líonadh i gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas & Turasóireacht Éireann, lena n-áirítear Uasghrádú Post".

Poist nua anuas ar an líon foirne

97. I gcás ina gcruthófar poist nua a chuirfidh an Comhlacht thar a líon faofa ag CATT, ní mór cead a fháil ó na Ranna Coimircíochta, ansin ó na Ranna Airgeadais agus ansin ó CAT chun na poist nua a chruthú agus chun a ngráid agus a scálaí pá a chinneadh.

Pá tosaigh ar a gceapadh don fhoireann cé is móite den Phríomh-Fheidhmeannach

98. Is é an polasaí atá ag ICS agus NICS maidir le tuarastal tosaigh ar cheapachán ná go mbeidh an tuarastal tosaigh de ghnáth ag íosleibhéal an scála pá don ghrád.

99. Is é polasaí an ICS ná go mbeidh an tuarastal tosaigh do gach ceapachán ó chomórtais oscailte ag íosmhéid an scála pá don ghrád, ach amháin i gcás inar tugadh cead sonrach ón RCPA.

100. Is é an polasaí comparáideach NICS ná gur cheart an tuarastal tosaigh a bheith ar an scála pá íosta don ghrád. Féadfar tuarastal tosaigh níos airde a mheas ach amháin i gcás go bhfuil cúiseanna gnó intuigthe ann, ach ba cheart dó a bheith chomh gar agus is féidir don íosmhéid agus ba cheart é a úsáid go fíor-spárálach agus go heisceachtúil.

101. Agus an tuarastal tosaigh á chinneadh d'fhoireann a earcaítear sa Chomhlacht seachas an Príomhfheidhmeannach, ba cheart don Chomhlacht, más féidir, é

seo a shocrú ag an íosmhéid mura bhfuil cúiseanna láidre ann lena mhalairt a dhéanamh, i gcomhréir le polasaithe an ICS agus an NICS agus leis an phróiseas ceadaithe cuí mar a leagtar amach i gcreatlach CATT dar teideal "An Chreatlach chun Tuarastail Tosaigh Foirne i gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas/Fáilte Éireann (Seachas Príomhoifigigh Feidhmiúcháin) a Chinneadh" agus ag alt (ii) nó ag alt (d) de chinntí earnálacha CATT a ghabhann leis an chreatlach seo.

Pá tosaigh an Phríomh-Fheidhmeannaigh ar a gceapadh agus téarmaí conartha

102. Beidh an tuarastal tosaigh ar cheapachán don Phríomhfheidhmeannach faoi réir fhaomhadh na nAirí Airgeadais agus ansin CATT, arb é an t-údarás ceapacháin don Phríomhfheidhmeannach é, roimh sheoladh an phróisis earcaíochta. De ghnáth, beidh an tuarastal tosaigh ag íosmhéid scála pá an Phríomh-Fheidhmeannaigh i gcomhréir le polasaithe an ICS agus an NICS maidir le tuarastal tosaigh ar cheapachán. I gcás ina gcinneann Comhlacht go bhfuil tuarastal tosaigh is mó ná an t-íosmhéid ag teastáil, ní mór dó cás gnó tacaíochta a chur isteach agus réamhchead a lorg ó na Ranna Coimircíochta, ansin ó na Ranna Airgeadais agus ansin ó CATT.

103. Caithfidh an Comhlacht cead a lorg freisin ó na Ranna Coimircíochta, ansin ó na Ranna Airgeadais agus ansin ó CATT maidir le téarmaí chonradh an Phríomh-Fheidhmeannaigh agus an próiseas earcaíochta féin. Sula lorgófar cead, féadfaidh an Comhlacht tuairim na Ranna Coimircíochta a lorg, a fhéadfaidh ar a seal tuairim na Ranna Airgeadais a lorg, ar aon ábhar a bhaineann le téarmaí an chonartha agus/nó an próiseas earcaíochta.

104. Ceanglaítear ar an Chomhlacht cead a lorg ó na Ranna Coimircíochta, ansin ó na Ranna Airgeadais agus ansin ó CATT maidir le téarmaí conartha an Phríomh-Fheidhmeannaigh, lena n-áirítear na nithe a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin:

- Cineál conartha (mar shampla, cé acu conradh buan nó téarma seasta é);
- Fad an chonartha, ag tabhairt aird ar pholasaithe an ICS agus an NICS araon maidir le ceapacháin Phríomh-Fheidhmeannaigh sa dhlínse ina bhfuil siad lonnaithe (mar shampla, fad caighdeánach conartha de chúig bliana san ICS nó ceithre bliana san NICS i gcás conradh téarma seasta, agus polasaí caighdeánach nach bhfuil aon chonarthaí rollaithe uathoibríocha ná aon síneadh conartha uathoibríoch ann); agus
- Aon athruithe ar an chonradh idir ceapacháin (mar shampla, athrú ó chonradh buan go conradh ar théarma seasta nó athrú ar fhad an chonartha ar théarma seasta ar cheapachán Príomhfheidhmeannaigh nua).

105. Roimh thús an phróisis earcaíochta, ceanglaítear ar an Chomhlacht comhaontú a fháil ó na Ranna Urraíochta maidir leis na nithe a leanas: amlíne na fógraíochta, na soláthraithe earcaíochta a bheidh i mbun an chomórtais (mar shampla, an tSeirbhís Ceapachán Poiblí), na gníomhaireachtaí a dhéanfaidh fógraíocht dó, agus doiciméid an chomórtais (mar shampla, an cur

síos/sonrúchán poist agus an leabhrán faisnéise iarrthóirí). Cuirfidh na Ranna Coimircíochta, ar a seal, na Ranna Airgeadais ar an eolas agus lorgóidh siad a n-athbhreithniú agus a n-údarú, más oiriúnach.

106. Tar éis don Chomhlacht a rogha iarrthóra a phiocadh agus sula gcuirfí síniú leis an chonradh fostaíochta, tá de cheanglas ar an Chomhlacht faomhadh na Ranna Coimircíochta agus ansin na Ranna Airgeadais maidir leis an dréacht-chonradh fostaíochta. Ós rud é gurb é CATT an t-údarás ceapacháin don Phríomhfheidhmeannach, tá sé de cheangal ar an Chomhlacht freisin cead a lorg ó CATT chun an t-iarrthóir is fearr leis a cheapadh mar an Phríomh-Fheidhmeannach nua.

107. Ag deireadh an phróisis earcaíochta, tá sé de cheangal ar an Chomhlacht na Ranna Urraíochta agus na Ranna Airgeadais a chur ar an eolas faoi ainm an Phríomh-Fheidhmeannaigh nua agus faoin dáta ceapacháin, agus cóip den chonradh fostaíochta sínithe a sholáthar do na Ranna Coimircíochta agus do na Ranna Airgeadais.

Tuarastal tosaigh ar ardú céime a fháil

108. Is é an polasaí atá ag an ICS agus an NICS maidir le tuarastal tosaigh ar ardú céime ná go n-aistríonn an fhoireann a fhaigheann ardú céime de ghnáth go dtí íosmhéid scála pá an ghráid níos airde. Agus an pá á chinneadh d'fhoireann a fhaigheann ardú céime laistigh den Chomhlacht, ba cheart don Chomhlacht an pá ar théarmaí ardaithe céime a shocrú i gcomhréir leis an bpolasaí maidir le tuarastal tosaigh ar ardú céime a bhaineann leis an ICS nó leis an NICS.

Contents

Téarmaí agus Coinníollacha Seirbhíse

Réamhrá

109. Tá an Comhlacht freagrach as a pholasaithe pearsanra féin agus as téarmaí agus coinníollacha seirbhíse neamhíocaíochta a bhaineann lena fhoireann féin. Forbróidh agus comhlíonfaidh an Comhlacht polasaithe pearsanra agus téarmaí agus coinníollacha neamhíocaíochta cuí (a bhaineann lena fhoireann sa dlínse ina bhfuil siad lonnaithe), agus déanfaidh sé aon choigeartuithe ar na polasaithe agus ar na téarmaí agus coinníollacha seo, agus na cinn a bhaineann le hoifigigh phoiblí san ICS nó san NICS agus ceanglais reachtúla á gcur san áireamh.

110. Ar mhaithe le críocha comparáide agus chun cabhrú lena bpolasaithe agus a dtéarmaí agus a gcoinníollacha féin a eolasú, táthar ag súil go gcoinneoidh an Comhlacht suas chun dáta leis na polasaithe agus na téarmaí agus coinníollacha comparáideacha de chuid ICS agus NICS, a fhoilsítear trí Fhógra Ciorclach ICS ag http://circulars.gov.ie/ agus ag https://www.finance-ni.gov.uk/ faoin teideal 'Working in the Northern Ireland Civil Service, NICS HR policies, agus ansin ‘Northern Ireland Civil Service handbook’.

Nós imeachta

111. Mar an fhostóir, coinníonn an Comhlacht an fhreagracht agus an tsolúbthacht chun a pholasaithe pearsanra agus a théarmaí agus coinníollacha neamhíocaíochta féin a fhorbairt gan a bheith faoi réir fhaomhadh CATT agus na nAirí Airgeadais. Agus na polasaithe seo á bhforbairt, ba cheart don Chomhlacht a bheith aireach gan téarmaí agus coinníollacha a thabhairt isteach atá i gcodarsnacht shuntasach leis na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le hoifigigh phoiblí san ICS nó san NICS.

112. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Chomhlacht téarmaí agus coinníollacha áirithe a thabhairt isteach freisin mar chuid de cheanglais reachtúla shonracha, d'fhorbairtí ar bheartas seirbhíse poiblí, de chomhaontuithe seirbhíse poiblí nó de chomhaontuithe comhchoiteanna in aon cheann den dá dhlínse.

113. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an Chomhlacht, ar bhonn eisceachtúil, téarmaí agus coinníollacha neamhíocaíochta a thabhairt isteach a bhféadfaí a mheas a bheith difriúil ó thaobh substainte de ó ghnás an ICS nó an NICS, déanfaidh an Comhlacht comhairliúchán lena Ranna Coimircíochta sa chéad dul síos.

114. Nuair is cuí, ba cheart don Chomhlacht cead a lorg óna Ranna Coimircíochta,

ansin ó na Ranna Airgeadais agus ansin ó CATT trí chás gnó soiléir a chur isteach a léiríonn an gá atá le hathrú den sórt sin a thabhairt isteach.

Pinsin; Iomarcaíocht/Cúiteamh

115. Beidh foireann an Chomhlachta incháilithe do phinsean arna chur ar fáil ag an Scéim Phinsin Thuaidh Theas.

116. Féadfaidh foireann an Tuaiscirt roghnú gan a bheith sa scéim phinsin ghairme a sholáthraíonn an Comhlacht. Mar sin féin, clárófar go huathoibríoch iad sa scéim gach 3 bliana. Caithfidh gach ball foirne incháilithe sa Deisceart a bheith páirteach sa scéim phinsin ghairme a sholáthraíonn an Comhlacht.

117. Más mian leis an Chomhlacht aistriú ó na socruithe pinsin reatha, teastaíonn faomhadh ó na Ranna Coimircíochta, ansin ó na Ranna Airgeadais agus ansin ó CATT.

118. Más mian leis an Chomhlacht aon iomarcaíocht nó cúiteamh as caillteanas oifige a íoc, ní mór sin a bheith bunaithe ar na socruithe reatha atá faofa ag an Roinn Airgeadais i ngach dlínse.

119. Maidir le scaoilíocaíochtaí, ní mór moltaí maidir leo bheith faofa ag na Ranna Airgeadais agus, más oiriúnach, bainisteoir na scéime.

120. Ba cheart na socruithe cuntasaíochta don scéim phinsin sna Comhlachtaí Thuaidh Theas a leagan amach de réir na dtreoirlínte cuntasaíochta reatha, mar a leasófar ó am go ham.

Iompar

121. Ba cheart don Phríomhfheidhmeannach agus do bhaill foirne eile an Chomhlachta gníomhú i gcónaí ar bhealach a gcloíonn leis an Mheabhrán seo agus leis na hardchaighdeáin a mheastar a bheith ann do dhaoine a láimhseálann airgeadas poiblí. Ba cheart Cód Iompair a bheith ag an Chomhlacht dá fhoireann. Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh air seo. Tá aon athruithe suntasacha faoi réir fhaomhadh CATT.

Sceithireacht

122. Cuirfidh an Comhlacht polasaí sceithireachta i bhfeidhm agus coinneoidh sé é i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus le haon treoir eisithe ag na Ranna Airgeadais.

123. Sa chas go bhfaighidh ceann de na Ranna Coimircíochta líomhain Sceithireachta a bhaineann le hUiscebhealaí Éireann, cuirfidh an Roinn sin an Roinn Choimircíochta eile ar an eolas agus ansin:
- déanfar beart de réir Pholasaí Sceithireachta na Roinne;
- Cathaoirleach Choiste Iniúchta UÉ a chur ar an eolas faoin líomhain Sceithireachta;
- an Roinn Choimircíochta a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn/forbairtí; agus
- an tuarascáil deiridh a roinnt leis an Roinn Chomh-Urraíochta agus le Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta UÉ.

124. Nuair a fhaightear líomhain sceithireachta sa dá Roinn Choimircíochta ag an am céanna, socróidh Ard-Oifigigh na Ranna i gcomhpháirt conas a chuirfear chun cinn í agus cén Roinn a bheidh i gceannas ar an bpróiseas mar a leagtar amach thuas.

Coimhlintí Leasa

125. Déanfaidh an Comhlacht socruithe cuí a oibriú chun coimhlintí leasa a dhearbhú agus a láimhseáil i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus le haon treoir eisithe ag na Ranna Airgeadais.

Contents

SAINCHEISTEANNA EILE

Taifid a Choinneáil

126. Coinneoidh an Comhlacht go slán gach taifead, airgeadais nó eile, go dtí go rachaidh seacht mbliana in éag, nó níos déanaí más cuí (e.g. le haghaidh scrúduithe Luach ar Airgead nó conarthaí PFI), tar éis dheireadh na bliana cuntais a mbaineann siad léi. I gcás inar tugadh Comhlacht faoi imscrúdú a raibh cáineadh suntasach nó ionchúiseamh mar thoradh air, ba cheart na taifid ábhartha a choinneáil ar feadh 10 mbliana ar a laghad ón dáta ar tugadh an t-imscrúdú chun críche.

Saoráil Faisnéise

127. Faoin reachtaíocht lenar bunaíodh na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas, tá sé de cheangal ar na Ranna Stáit bainteacha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann Cód Cleachtais maidir le rochtain ar fhaisnéis do na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas a dhréachtú le haghaidh formheasa ag CATT.

128. Is é príomhchuspóir an Chóid seo ná rochtain a éascú ag baill den phobal ar fhaisnéis atá á coinneáil ag na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus ag Turasóireacht Éireann Teo., as a dtiocfaidh níos mó oscailteachta agus cuntasachta agus méadú ar mhuinín an phobail as oibriú na gComhlachtaí Thuaidh Theas; agus feabhas ar cháilíocht na gcinntí a dhéanann na Comhlachtaí Thuaidh Theas.

129. Agus an Cód Cleachtais seo á ullmhú, thug na hAirí freagracha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann aird ar na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise faoi seach (mar a leasaíodh ó am go ham) sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus ar chaighdeáin agus ar dhea-chleachtas eile i réimse na rochtana ar fhaisnéis (an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 in Éirinn agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2000 sa Ríocht Aontaithe).

130. Ba cheart don Chomhlacht bearta a dhéanamh chun an Cód a chur i bhfeidhm agus chun feasacht phoiblí faoi a chur chun cinn, agus ba cheart dó a chinntiú go gcloíonn sé leis an reachtaíocht agus leis an Chód is déanaí mar a d'eisigh Comh-Rúnaíocht CATT é.

Contents

Reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí

131. Beidh an Comhlacht faoi réir na reachtaíochta um chosaint sonraí is infheidhme i ngach dlínse, i gcomhréir leis an reachtaíocht lenar bunaíodh na Comhlachtaí Thuaidh Theas.

Contents

MEABHRÁN AIRGEADAIS

Contents

FOINSÍ MAOINITHE

DEONTAS

132. Gheobhaidh an Comhlacht deontais ó airgead a vótálann an Tionól agus Dáil Éireann. Déanfaidh CATT, le faomhadh na nAirí Airgeadais, moltaí maidir le méid na ndeontas sin. Ba cheart faomhadh a lorg i leith mhéid an deontais i gcomhréir leis an treoir agus an sceideal ama don Phlean Gnó a eisíonn na Ranna Airgeadais gach bliain. Ní féidir an deontas a úsáid chun aon chuspóir eile seachas na cinn ar vótáil an Tionól agus Dáil Éireann dóibh.

133. Féadfaidh na Ranna Coimircíochta deontais a íoc leis an Chomhlacht, ag brath ar an ngá atá leis agus ag cur aon tacaíocht ó pháirtithe eile, san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach, san áireamh.

134. Faomhfar an deontas agus déanfar na híocaíochtaí faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Mheabhrán seo. Ní mór d'aon deontas vótáilte a íoctar leis an Chomhlacht a úsáid chun na gcríoch ar tugadh é agus chuige sin amháin. Ní mór taifid ar leith a choinneáil de na cistí a fuarthas agus de na híocaíochtaí a rinneadh maidir leis seo.

135. Rachaidh aon chuid den soláthar deontais i leith bliain airgeadais ar leith, nár iarr an Comhlacht faoi dheireadh na bliana sin, in éag.

136. Beidh socruithe maidir le tarraingt síos ann roimh ré, agus i gcomhairle agus le comhaontú na Ranna Coimircíochta.

137. Forchoimeádann na Ranna Coimircíochta, agus iad ag gníomhú i gcomhpháirt, an ceart coinníollacha atá ann cheana a mhodhnú nó coinníollacha nua a cheangal le híocaíocht an deontais i gcaitheamh na bliana caiteachais. Féadfaidh na Ranna Coimircíochta, in imthosca eisceachtúla, íocaíocht na ndeontas a chur ar fionraí má tá imní shubstaintiúil/leordhóthanach orthu nach bhfuil córas iomchuí ag an Chomhlacht a chuid acmhainní a rialú.

Maoiniú a Eisíoc

138. Sa chás gur riachtanach sin i bhfianaise na dtréimhsí difriúla buiséid sa dá dhlínse, beidh an Roinn oiriúnach ó dheas freagrach as eisíocaíochtaí ag na Ranna Coimircíochta sa tréimhse Eanáir go Márta, beidh íocaíochtaí sa tréimhse Aibreán go Meán Fómhair roinnte eatarthu, agus beidh an Roinn oiriúnach ó thuaidh freagrach as íocaíochtaí idir Deireadh Fómhair agus Nollaig, le ranníocaíochtaí mar is riachtanach ón Roinn ó dheas lena chinntiú

go mbeidh an caiteachas iomlán arna chistiú i gcomhréir leis an chomhroinnt a comhaontaíodh roimhe.

Foinsí maoinithe eile

139. Is féidir go bhfaighidh Uiscebhealaí Éireann cistiú breise ó fhoinsí eile ar nós

(i) Táillí as uiscebhealaí agus réadmhaoin bhainteach a úsáid, eg:

Loic
Ceadúnais
Ceada Slí
Ceadúnais
Léasanna;
agus

Sócmhainní a dhiúscairt
agus/nó réadmhaoin a
dhíol,

faoi réir ag na coinníollacha atá i bhfeidhm ó ailt 181 – 183.

Admhálacha

140. An Príomhfheidhmeannach atá freagrach as a chinntiú go bhfuil córais leordhóthanacha ann chun admhálacha a bhailiú agus cuntas a thabhairt orthu. Ba cheart dóibh a chinntiú go mbailítear airgead atá dlite don Chomhlacht go pras agus go ndéantar teagmháil le héilimh atá ar feitheamh go minic agus go rialta.

Iarmhéideanna

141. Ba chóir don Chomhlacht iarmhéideanna bainc agus airgid thirim a choinneáil ag an leibhéal íosta a bheadh ag teacht leis an oibríocht reatha.

Contents

Iasachtaí

142. Is féidir leis an Chomhlacht iasacht a fháil chun críche a chuid feidhmeanna faoi réir ag faomhadh roimh ré a fháil ó na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais.

Buiséid

143. Ní mór do na Ranna Urraíochta buiséid don Chomhlacht a fhorbairt agus a chomhaontú i gcomhpháirt, i gcomhréir leis an Phlean Corparáideach agus leis an treoir bhliantúil um Phleanáil Gnó a d'eisigh na Ranna Airgeadais i gcomhpháirt.

144. Cuimseoidh Plean Corparáideach an Chomhlachta buiséid tháscacha do thréimhse trí bliana. Beidh leithdháiltí buiséid daingne don bhliain sin sa Phlean Gnó bliantúil, ar gá d'Airí na Roinne Coimircíochta, na hAirí Airgeadais agus CATT a fhaomhadh.

145. Cuirfear an soláthar comhaontaithe do na ranníocaíochtaí ábhartha ó thuaidh agus ó dheas faoi seach san áireamh i mbuiséad na Roinne Coimircíochta sa dlínse bhainteach, agus beidh sé faoi réir tuilleadh ceadaithe mar chuid de phróiseas an Bhuiséid do na Ranna ó Thuaidh agus phróiseas buiséid na hÉireann.

146. Ní bheidh an buiséad iomlán caiteachais bhliantúil, in airgeadra oibríochta an Chomhlachta, níos mó ná na hacmhainní (deontas airgid ceadaithe san áireamh) atá ar fáil don Chomhlacht go deireadh na bliana sin. Is é freagracht an Phríomh-Fheidhmeannaigh a chinntiú nach sárófar an teorainn seo, agus na Ranna Coimircíochta a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir faoi aon imthosca a d'fhéadfadh cur as do chumas an Chomhlachta fanacht laistigh den teorainn.

147. Ba chóir do na Ranna Coimircíochta a chinntiú nach n-íocann siad deontas thar an leibhéal atá faofa do gach saintréimhse ama.

148. Iarrfaidh an Comhlacht cead na Ranna Coimircíochta más mian leis aon ioncam gan choinne laistigh den bhliain a chaitheamh. Beidh an Príomh-Fheidhmeannach freagrach as an eolas monatóireachta leanúnach sin a sholáthar, lena n-áirítear réamh-mheastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas de réir mar a chinnfidh na Ranna Coimircíochta. Caithfidh an Comhlacht na Ranna Coimircíochta a chur ar an eolas faoi gach socrú maoinithe a dhéantar le comhlachtaí eile.

149. Má bhíonn an t-ioncam a fhaightear nó a bhfuiltear ag súil lena fháil i rith na bliana níos lú ná an meastachán, cinnteoidh an Comhlacht, mura n-aontaítear a mhalairt leis na Ranna Coimircíochta, go ndéanfar laghdú comhfhreagrach ar a chaiteachas iomlán.

Cionroinnt an Mhaoinithe

150. Comhaontaíodh ar chionroinnt an mhaoinithe (i.e. an cóimheas maoinithe idir an Tuaisceart agus an Deisceart) do gach Comhlacht nuair a bunaíodh na Comhlachtaí in 2001, ar bhonn tairbhe a measadh a bheadh ag gníomhaíochtaí an Chomhlachta ag an am sin do gach dlínse. Féadfaidh na Ranna Coimircíochta agus Airgeadais athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar ranníocaíochtaí an dá dhlínse agus ranníocaíocht leasaithe a mholadh i bhfianaise gnéithe suntasacha atá mar bhunús leis an athrú atá beartaithe. Beidh aon athrú ar an chóimheas maoinithe faoi réir na n-aontuithe riachtanacha. Mura n-aithnítear aon tosca den sórt sin, ba cheart go bhfanfadh cóimheas an mhaoinithe idir Tuaisceart agus Deisceart gan athrú.

CAITEACHAS

Soláthar

151. Comhlíonfaidh an Comhlacht Treoracha an AE maidir leis an Soláthar Poiblí agus ba chóir dó an dea-chleachtas a leanúint maidir leis an soláthar san earnáil phoiblí.

152. Cinnteoidh an Comhlacht go ndéanfar gach ceannach oibreacha, trealaimh, agus earraí agus seirbhísí a bhunú ar an luach is fearr ar airgead – is é sin, an cumasc is fearr de chostas, cáilíocht agus inbhuanaitheacht. Ba cheart earraí agus seirbhísí a fháil trí iomaíocht, ach amháin go neamhghnách go bhfuil cúiseanna diongbháilte contrártha ann, toisc gur féidir leis an luach is fearr ar airgead a bhaint amach trí phróiseas iomaíoch a dhéantar ar bhealach oscailte, oibiachtúil, cothrom agus trédhearcach. Ba cheart measúnú comhréireach roghanna a dhéanamh sula ndéantar cinntí soláthair. Ba cheart don Chomhlacht cloí leis na tairseacha soláthair atá leagtha amach in Iarscríbhinn C.

Conarthaí

153. Cinnteoidh an Comhlacht go ndéanfar aon chonradh, cibé acu a bhronntar chun críocha riaracháin nó mar chuid de thionscadal, a bhronnadh ar bhonn iomaíoch agus go gcomhlíonfaidh sé na ceanglais uile faoi dhlí na Ríochta Aontaithe, na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh de réir mar is cuí, maidir le fógairt, bronnadh agus tuairisciú conarthaí agus tairiscintí. Ní mór don Chomhlacht an dea-chleachtas is fearr san earnáil phoiblí a leanúint agus aon chonradh á bhronnadh.

154. Ba cheart don Chomhlacht a chinntiú nach ndéantar conarthaí a bhronnadh ach

ar an tairgeoir a chuireann isteach an tairiscint is mó buntáiste ó thaobh an airgid de. Tugtar aird, agus an tairiscint is mó buntáiste ó thaobh an airgid de á déanamh amach, ar chritéir a léiríonn gnéithe cáilíochtúla, teicniúla agus inbhuanaithe na tairisceana, chomh maith le praghas, agus cinneadh bronnta á dhéanamh. Ba cheart don Chomhlacht bearta réasúnta a dhéanamh, ar iarracht chomhfhreagrach, chun measúnú a dhéanamh ar sheasamh airgeadais agus eacnamaíoch aon eagraíocht a bhfuil sé ar intinn aici conradh a dhéanamh leis.

155. Tá dualgas ginearálta ar an Choiste an t-eolas sin a sholáthar do na Ranna Coimircíochta maidir lena ghníomhaíochtaí tairisceana iomaíocha agus a ghnóthaí airgeadais gaolmhara, i bhfoirm agus ag amanna a d'fhéadfadh na Ranna Coimircíochta a iarraidh go réasúnach.

Conarthaí a Bhronnadh Gan Iomaíocht Oscailte

156. Is ionann conarthaí a bhronntar gan iomaíocht agus conarthaí a bhronntar ar chonraitheoir gan comórtas oscailte. I bhfianaise chomh heisceachtúil atá siad, ba cheart do gach conradh den sórt sin cloí leis an dlí soláthair is infheidhme agus a bheith faoi réir fhaomhadh Dhuine Cuntasach an Chomhlachta. Ba cheart taifid shoiléire a choinneáil den réasúnaíocht a bhaineann le conarthaí den sórt sin a bhronnadh agus fianaise gur lorgaíodh agus go bhfuarthas na ceaduithe cuí. Ba cheart go mbeadh conarthaí a bhronntar gan iomaíocht faoi réir tuilleadh ceadaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta Roinn Choimircíochta an Chomhlachta, más infheidhme, i gcomhréir leis na tairseacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn C.

Léasanna agus Comhaontaithe Cíosa

157. Féadfaidh an Comhlacht dul i mbun comhaontuithe léasaithe agus/nó cíosa chun earraí agus seirbhísí a sholáthar. Ba cheart comhaontuithe léasaithe agus cíosa chun earraí agus seirbhísí a sholáthar, tar éis a dhearbhú gurb é seo an bealach is cost-éifeachtaí chun iad a fháil, a bheith oscailte do thairiscint iomaíoch ar an dóigh chéanna le ceannacháin, mura bhfuil cúiseanna láidre contrártha ann. Ní mór réamhchead a fháil ó na Ranna Coimircíochta do gach léas maoine agus airgeadais, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn B.

Comhpháirtíochtaí Poiblí/Príobháideacha

158. B'fhéidir gur mhian leis an Chomhlacht deiseanna a lorg ar Chomhpháirtíochtaí Poiblí/Príobháideacha a thionscnamh áit ar fearr an luach ar airgead a thagann leo sin seachas leis an ghnáthsholáthar. Níor chóir réitigh CPP a chur san áireamh ach do thionscadail ar mó a luach caipitil ná an teorainn atá leagtha síos in Iarscríbhinn B.

Fochomhlachtaí agus Comhfhiontair

159. Ní bhunóidh an Comhlacht fochomhlachtaí ná comhfhiontair, seachas iad siúd atá leagtha amach sa Phlean Gnó Bliantúil nó sa Phlean Corparáideach, gan cead sainráite ó na Ranna Coimircíochta, ó na Ranna Airgeadais agus ó CATT. Nuair a bhíonn a leithéid d'eintiteas á bhunú, ba cheart don Chomhlacht Thuaidh/Theas dul i gcomhairle leis na Ranna Urraíochta agus Airgeadais maidir le socruithe rialachais agus cóireáil chuntasaíochta chuí.

Tráthúlacht maidir le hÍocaíochtaí

160. Íocfaidh an Comhlacht gach uile shonrasc aibí údaraithe de réir na treorach eisithe ag na Ranna Airgeadais.

161. Beidh an Comhlacht faoi réir na reachtaíochta i dtaca le hÍocaíocht Dhéanach agus aon treorach eisithe, sa dá dhlínse.

Infheistíochtaí Airgeadais agus Maoiniú Neamhghnách

162. Ní dhéanfaidh an Comhlacht aon infheistíochtaí in uirlisí airgeadais trádáilte ná ní rachaidh sé i mbun aon socrú maoinithe neamhghnách gan réamhchead i scríbhinn ó na Ranna Coimircíochta agus ó na Ranna Airgeadais.

Coinníollacha Ginearálta maidir le Caiteachas a Dhéanamh

163. Chomh luath agus a bheidh Plean Gnó an Chomhlachta (lena n-áirítear an buiséad) faofa ag CATT [agus faoi réir aon srianta atá leagtha síos ag an Reachtaíocht/an MA seo], beidh d'údarás ag an Chomhlacht caiteachas a dhéanamh ar an leibhéal atá luaite sa bhuiséad sa Phlean Gnó gan dul i gcomhairle a thuilleadh leis na Ranna Coimircíochta, faoi na coinníollacha a leanas:

- Comhlíonfaidh an Comhlacht na tarmligin atá leagtha amach in Iarscríbhinn B sa cháipéis seo. Ní athrófar na tarmligin seo gan aontú roimh ré ó na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais.
- Comhlíonfaidh an Comhlacht na coinníollacha atá leagtha amach san alt maidir le moltaí nua, conspóideacha nó drochthorthúla.
- Ní bhainfidh cuimsiú aon chaiteachais phleanáilte agus cheadaithe i mbuiséad an Chomhlachta an gá le faomhadh foirmiúil na Roinne Coimircíochta [agus,

nuair is gá, na Ranna Airgeadais] a lorg, nuair a bhíonn an caiteachas molta sin os cionn na dteorainneacha tarmligthe atá leagtha amach in Iarscríbhinn B, nó nuair a bhaineann sé le scéimeanna nua nár aontaíodh roimhe seo.

- Cuirfidh an Comhlacht an fhaisnéis seo a leanas ar fáil do na Ranna Coimircíochta maidir lena chuid oibríochtaí, a fheidhmíocht, tionscadail aonair nó caiteachas eile, de réir mar a d'fhéadfadh na Ranna Coimircíochta a éileamh go réasúnta; Níor cheart don Roinn Coimircíochta faisnéis a iarraidh ach amháin má tá sí riachtanach agus ba cheart di údar soiléir a sholáthar d'aon iarratais den sórt sin.
- Comhlíonfaidh an Comhlacht Treoracha an AE um Sholáthar Poiblí de réir mar is cuí agus ba cheart dó treoirlínte dea-chleachtais maidir le soláthar san earnáil phoiblí a leanúint. Is iad seo a leanas na roghanna atá ar fáil don Chomhlacht chun soláthar a dhéanamh:
  - Trí Sheachadadh Tógála agus Soláthair (CPD) i dTuaisceart Éireann.
  - Trí Oifig Sholáthair an Rialtais in Éirinn

  Le cead roimh ré ó na Ranna Coimircíochta:
  - Trí chomhaontú leibhéal seirbhíse le hIonad Saineolais Soláthair (CoPE) aitheanta i dTÉ
  - Trí chonradh/chomhaontú leibhéal seirbhíse le saineolaí eile soláthair atá cáilithe mar is oiriúnach.
- Ní dhéanfaidh an Comhlacht, gan cead i scríbhinn ón dá Roinn Choimircíochta, aon ghealltanas chun caiteachas a thabhairt faoi deara a thiteann lasmuigh de tharmligin an Chomhlachta nó nach bhfuil soláthar déanta ina leith sna buiséid bhliantúla de chuid an Chomhlachta mar a d'fhorbair agus a d'aontaigh na Ranna Coimircíochta.

Faisnéis maidir le Monatóireacht Feidhmíochta a chur ar fáil don Roinn Choimircíochta

164. Cuirfidh an Comhlacht faisnéis ar fáil ar bhonn ráithiúil ar a laghad don Roinn Choimircíochta a dhéanfaidh éascaíocht don Roinn Choimircíochta monatóireacht a dhéanamh ar na nithe a leanas:
  - feidhmíocht le hais spriocanna straitéiseacha comhaontaithe agus
  - caiteachas le hais an bhuiséid fhaofa.

Moltaí Nua, Conspóideacha nó Drochthorthúla

165. Gheobhaidh an Comhlacht faomhadh na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais, sula ndéanfaidh sé beart ar aon ghníomhaíocht mholta a bhféadfaí í a léirmhíniú mar ghníomhaíocht atá nuálach nó conspóideach nó a thiteann lasmuigh de réimse feidhme an Chomhlachta.

Contents

Tarmligin

166. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as a chinntiú go bhfuil faomhadh sonrach faighte i leith caiteachais i ngach cás ina bhfuil sé lasmuigh de scóip an údaráis atá tarmligthe ag na Ranna Coimircíochta don Chomhlacht mar chuid den phróiseas faofa dá Phlean Gnó bliantúil. Cé go dtugtar údarás don Chomhlacht buiséad bliantúil a chaitheamh ar bhonn an chláir caiteachais atá leagtha amach ina phlean gnó bliantúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh tuilleadh ceada ag teastáil ó na Ranna Coimircíochta maidir le caiteachas/tionscadail os cionn na dteorainneacha de chuid an tionscnaimh mar atá leagtha amach san iarscríbhinn iata.

167. Tá na teorainneacha caiteachais tarmligthe maidir leis an Chomhlacht leagtha amach in Iarscríbhinn B atá iata.

Contents

SAINCHEISTEANNA AIRGEADAIS EILE

Airgeadra

168. Is é an Euro a bheidh mar ghnáthairgeadra oibríochta an Chomhlachta. Ba cheart go gceadódh na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais aon athruithe ar an airgeadra oibríochta.

Vírmint

169. Déanfaidh an Comhlacht comhairle lena Ranna Coimircíochta más mian leis cistí a aistriú.

Díscríobhanna, Caillteanais agus Íocaíochtaí Speisialta

170. Ní mór do mholtaí chun íocaíochtaí speisialta a dhéanamh lasmuigh de na teorainneacha tarmligthe cead a fháil roimh ré ó na Ranna Coimircíochta agus, más gá, ó na Ranna Airgeadais. Coinneoidh an Comhlacht clár maidir le gach caillteanas agus íocaíocht speisialta, agus beidh sé de cheart ag na Ranna Coimircíochta an clár a iniúchadh am ar bith. Ní dhíscríobhfar caillteanais go dtí go mbeidh gach iarracht réasúnta chun aisghabháil a dhéanamh déanta agus go mbeidh sé cruthaithe nár éirigh leo. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go dtarraingítear aird ar a leithéid de chaillteanais agus d'íocaíochtaí speisialta trí nótáil chuí i gcuntais an Chomhlachta agus trí na Ranna Coimircíochta a chur ar an eolas.

Réamhíocaíochtaí/Íocaíochtaí Iarchurtha

171. Iarrfaidh an Comhlacht cead na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais más mian leis réamhíocaíocht a dhéanamh nó íocaíocht a chur siar.

Iasachtú, Ráthaíochtaí, Slánaíochtaí; Dliteanais Teagmhasa; Litreacha Sóláis

172. Ní mór don Chomhlacht cead a fáil ó na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais sula nglacfar le dliteanais airgeadais, ráthaíochtaí, slánaíochtaí, litreacha agus ráitis sóláis srl.

Contents

Ró-íocaíochtaí

173. Ní mór ró-íocaíochtaí a chlárú láithreach agus gníomh athshlánaithe a thionscnamh i gcomhréir leis an treoir airgeadais ábhartha.

Baincéireacht

174. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann socruithe baincéireachta an treoir ábhartha, agus go ndéantar iad a chur i gcrích go héifeachtúil, go heacnamaíoch, agus go héifeachtach, agus go gcosnaíonn socruithe baincéireachta an Chomhlachta cistí poiblí.

175. Ba cheart go mbeadh socruithe baincéireachta an Chomhlachta faoi réir próiseas iomaíoch tairisceana, ba cheart a reáchtáil ar a laghad gach cúig bliana.

176. Ba cheart aon ús a thuilltear a asbhaint le hais an dáileadh cistí riachtanach atá ag an Chomhlacht ó na Ranna Coimircíochta. Cuirfidh an Príomhfheidhmeannach faisnéis ar fáil faoi shocruithe baincéireachta an Chomhlachta de réir mar a éilíonn na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais.

Cúlchistí a Charnadh

177. Déanfaidh na Ranna Coimircíochta athbhreithniú uair sa bhliain ar scarbhileog iarmhéide iniúchta an Chomhlachta ag féachaint, i gcomhairle leis an Chomhlacht, i bhfianaise chuspóirí corparáideacha agus gnó an Chomhlachta agus na timpeallachta oibriúcháin ina bhfuil sé, ar chóir aon chuid de chúlchiste a ghéilleadh.

Deontais a Íoc le Tríú Páirtithe

178. Chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh an Comhlacht cúnamh airgeadais a sholáthar d'aon Chomhlacht nó duine, go díreach nó go hindíreach, i gcomhréir le socruithe a gcaithfidh CATT agus na hAirí Airgeadais iad a fhaomhadh. Féadfar cúnamh den sórt sin a thabhairt i bhfoirm aon chineál infheistíochta nó iasachta, nó trí dheontais a bhronnadh.

179. Ní mór don Chomhlacht a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun go bhféadfar teidlíocht ar dheontas a leagan amach agus a dhoiciméadú go soiléir. Níor cheart íocaíochtaí a dhéanamh ach amháin leo siúd a chomhlíonann na critéir chun deontais a fháil. Déanfaidh na Ranna Airgeadais agus Coimircíochta athbhreithniú ar chritéir na ndeontas de réir mar is gá agus eiseoidh siad i gcomhpháirt an treoir is cuí don Chomhlacht. Ní mór don Chomhlacht a bheith cothrom agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le cén íocaíocht a dhéanfar agus ní mór dó taifid chruinne a choinneáil de na cúiseanna leis na cinntí a rinneadh.

180. Beidh sé mar choinníoll ar íocaíocht an deontais go gceadóidh an dream a fhaigheann d'oifigigh Ard-Reachtaire Cuntas Thuaisceart Éireann agus d'Ard-

Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann rochtain ar gach taifead a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le linn:

:

(i) iniúchadh agus dearbhú chuntais an Chomhlachta; agus

(ii) aon imscrúdú bheidh ar siúl ar luach ar airgead an Chomhlachta

BAINISTIÚ AGUS DIÚSCAIRT SÓCMHAINNÍ

Clár Sócmhainní

181. Coinneoidh an Comhlacht clár cothrom le dáta dá chuid sócmhainní seasta.

Sócmhainní a Dhiúscairt

182. Déanfaidh an Comhlacht sócmhainní a dhiúscairt atá thar a riachtanais tar éis faomhadh a fháil ó CATT, más cuí. Ní mór na fáltais ó dhíol aon sócmhainní inláimhsithe nó doláimhsithe (lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla) de chuid an Chomhlachta, nó an t-ioncam orthu, a dhearbhú do na Ranna Coimircíochta agus ní mór don Chomhlacht iad a úsáid chun na gcríoch a cheadaigh na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais agus chun na gcríoch sin amháin.

183. Ní dhíolfaidh an Comhlacht ná ní fhorbróidh sé aon sócmhainní ná cearta de chuid an Chomhlachta gan réamhchead na Ranna Coimircíochta agus toiliú na Ranna Airgeadais, agus go dtí go mbeidh comhaontú faoi mhéid na haisghabhála atá dlite don Roinn Choimircíochta agus d'aon mhaoinitheoirí eile.

184. Caithfidh an Comhlacht an praghas agus is fearr is féidir a fháil ar dhiúscairt aon sócmhainne, mura féidir a léiriú go mbeadh sé níos fearr ó thaobh na tíosachta de í a dhiúscairt ar bhealach eile nó fáil réitithe di. Caithfear réamhchead sonrach a fháil ó na Ranna Coimircíochta, le toiliú na Ranna Airgeadais, d'aon mholtaí maidir le sócmhainní a dhíol ar níos lú ná an luach margaidh.

Sócmhainní a Athshlánú a Maoiníodh le Deontas

185. I gcás inar mhaoinigh an Comhlacht caiteachas ar shócmhainní caipitil de chuid tríú páirtí, socróidh an Comhlacht coinníollacha agus déanfaidh sé socruithe cuí chun a chinntiú nach ndéanfaidh an tríú páirtí aon sócmhainn den sórt sin, a bhfuil a luach aonair os cionn an luacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn B, a

dhiúscairt gan toiliú roimh ré ón Chomhlacht.

186. Cinnteoidh an Comhlacht, má éiríonn té a fuair an deontas as na sócmhainní a cruthaíodh leis an deontas a úsáid chun na críche beartaithe, go n-aisíocfar cion cuí de luach na sócmhainne leis an Chomhlacht lena sheachadadh ar ais do na Ranna Coimircíochta.

SAINCHEISTEANNA EILE

Táillí agus Muirir

187. Féadfaidh an Comhlacht táillí a ghearradh agus muirir eile a fhorchur i leith a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, faoi réir chomhaontú na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais. Ba cheart táillí agus muirir ar earraí agus ar sheirbhísí a shocrú, nuair is cuí. Agus táillí agus muirir á socrú, ba cheart aird a thabhairt ar an chostas eacnamaíoch iomlán a bhaineann le hearraí agus seirbhísí den sórt sin, agus ar na buntáistí a bhaineann leis an tseirbhís, cibé acu is cuí. Ba cheart táillí agus muirir a chinneadh i gcomhréir leis an treoir ábhartha.

Breithmheas Eacnamaíochta

188. Baineann prionsabail an bhreithmheasa eacnamaíochta go cothrom le beartais, cláir agus tionscadail agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm le hiarracht chuí chomhfhreagrach ar gach cinneadh agus togra chun airgead poiblí a chaitheamh nó a shábháil, lena n-áirítear cistí de chuid an AE, agus aon chinneadh nó togra eile a bhaineann le hathruithe ar úsáid acmhainní poiblí. Mar shampla, ní mór an breithmheas a chur i bhfeidhm beag beann ar cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh:

a. a bhaineann an caiteachas leis an chaiteachas caipitiúil nó reatha, nó an dá cheann;

b. an suimeanna beaga nó móra atá i gceist;

c. atá na suimeanna os cionn na dteorainnneacha tarmligthe nó fúthu (féach Iarscríbhinn B).

189. Ídíonn an bhreithmheastóireacht féin acmhainní. Is ceist í an iarracht ba cheart a chur i dtreo na breithmheastóireachta agus na sonraí atá le breithniú a bhaineann le breithiúnas cás ar chás, ach is é an prionsabal ginearálta ná gur cheart go mbeadh na hacmhainní atá le cur ar fáil don bhreithmheas i gcomhréir

le scála nó tábhacht na gcuspóirí agus na himpleachtaí atá i gceist ó thaobh acmhainní de. Agus an breithiúnas á thabhairt ar an iarracht chuí, ba cheart go dtabharfaí aird ar iomláine na n-acmhainní atá i gceist le togra ar bith.

190. Ba cheart faisnéis a choinneáil ar gach tionscadal ó thús go críoch i bhfoirm atá ar fáil go héasca lena scrúdú, ar féidir a chur faoi bhráid na Ranna Coimircíochta más gá, agus a chloíonn leis na ceanglais maidir le hiniúchadh, druileáil tástála agus imscrúdú 'luach ar airgead'.

191. Comhlíonfaidh an Comhlacht aon treoir a eiseoidh an dá Roinn Airgeadais mar is oiriúnach.

Caiteachas Caipitil

192. De ghnáth, déanfar moltaí do thionscadail chaipitil aonair nó do shealbhuithe ar mhórscála a mheas laistigh de phróiseas pleanáil Chorparáideach agus Ghnó an Chomhlachta. Cuirfear tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn na dtionscadal faoi bhráid na Ranna Coimircíochta.

193. Ní chuireann faomhadh an Phlean Chorparáidigh/Ghnó as do fhreagracht an Chomhlachta cloí leis an treoir a chomhaontaigh na Ranna Airgeadais go comhpháirteach.

Árachas

194. Féadfaidh an Comhlacht árachas a fháil i gcás ina bhfuil ceanglas dlíthiúil ann chun sin a dhéanamh. I gcás ina measann an Comhlacht gur gá árachas breise a bheith aige, ba cheart cead a lorg ó na Ranna Coimircíochta agus ó na Ranna Airgeadais. Ba cheart don Chomhlacht cloí le gach treoirlíne ábhartha maidir le hárachas.

195. I gcás caillteanais mhóir nó éilimh ó thríú páirtí, déanfaidh na Ranna Coimircíochta idirchaidreamh leis an Chomhlacht chun plé a dhéanamh ar an dóigh ar cheart déileáil leis agus ar na himpleachtaí do bhuiséad an Chomhlachta.

Bronntanais a Thairgtear don Chomhlacht

196. Féadfaidh an Comhlacht aon bhronntanais, tiomnachtaí nó tabhartais chosúla a ghlacadh suas go dtí an luach atá leagtha amach in Iarscríbhinn B, faoi réir na gcoinníollacha thíos. Tá aon bhronntanais os cionn an luacha seo faoi réir fhaomhadh na Ranna Coimircíochta agus Airgeadais.

197. Sula nglacfar le bronntanas, le tiomnacht nó le tabhartas comhchosúil,

déanfaidh an Comhlacht breithniú an bhfuil aon chostais ghaolmhara ag baint leis sin nó an bhfuil aon choimhlintí leasa ag teacht chun cinn.

198. Féadfaidh an Comhlacht, faoi réir chead na Roinne Coimircíochta agus na Roinne Airgeadais, glacadh le bronntanais airgid, talún nó maoine eile faoi iontaobhais nó faoi choinníollacha den sórt sin (más ann dóibh) a shonraíonn an deontóir, mura n-eascraíonn coimhlint leasa.

199. Más amhlaidh gur údar imní é bronntanas a fháil, ba chóir don Chomhlacht comhairle a lorg ó na Ranna Coimircíochta agus Airgeadais.

200. Ní ghlacfaidh an Comhlacht le deontas sa chás go mbeadh aon choinníollacha a bhaineann leis ag teacht salach ar a chuid feidhmeanna.

201. Coinneoidh an Comhlacht taifead scríofa faoi aon bhronntanais, tiomnachtaí agus tabhartais, faoina luach measta agus faoi cé acu a coinníodh iad nó a fuarthas réidh leo.

Bronntanais a dhéanfadh an Comhlacht féin

202. Féadfaidh an Comhlacht bronntanais aonair a thabhairt uaidh suas go dtí an luach mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn B. Más mian leis an Chomhlacht aon bhronntanas a dhéanamh os cionn an luacha seo, ní mór dó cead a fháil ó na Ranna Coimircíochta agus Airgeadais. Coinneoidh an Comhlacht clár ina mbeidh sonraí faoi gach bronntanas a dhéantar agus a luach.

Fáilteachas

203. Cinnteoidh an Comhlacht, i gcomhairle leis na Ranna Coimircíochta, go mbeidh sraith chuimsitheach treoirlínte i bhfeidhm maidir le glacadh le fáilteachas agus a sholáthar. Ba cheart tagairt a dhéanamh don treoir atá bunaithe ó thuaidh agus ó dheas. Coinneoidh an Comhlacht clár fáilteachais freisin.

Comhairleoirí Seachtracha a Úsáid

204. Cloífidh an Comhlacht le gach treoir a eiseoidh na Ranna Coimircíochta agus Airgeadais maidir le comhairleoirí seachtracha a úsáid. Ba chóir bheith aireach gan coimhlintí leasa a chruthú, idir iarbhír, féideartha nó braite, nuair a bheifear ag fostú comhairleoirí seachtracha.

Contents

Cártaí Íocaíochta/Creidmheasa

[3] Ranna Airgeadais ag obair i dtreo comhairle chomónta a fhorbairt faoi chomhairleoirí seachtracha a úsáid

205. Féadfaidh an Comhlacht Cártaí Íocaíochta/Creidmheasa a úsáid ar acht go gcloíonn sé leis an treoir, maidir lena leithéid d'ionstraimí a úsáid, atá i bhfeidhm do na Ranna Coimircíochta. Féadfaidh na Ranna athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar úsáid a leithéid de chártaí de réir mar is cuí leo. Féadfaidh an Comhlacht, le comhaontú na Ranna Coimircíochta, nósanna imeachta a thabhairt isteach freisin maidir le húsáid Cártaí Soláthair nuair a bhíonn a leithéid chun tairbhe don eagraíocht nó nuair a fheabhsaíonn sé éifeachtúlacht na heagraíochta.

AN MA A ATHBHREITHNIÚ, A LÉIRMHÍNIÚ AGUS A LEASÚ

206. Féadfaidh na Ranna Airgeadais, na Ranna Coimircíochta nó an Comhlacht leasuithe a mholadh ar an doiciméad seo ag am ar bith. Déanfar aon mholtaí dá leithéid a mheas i bhfianaise spriocanna beartais rialtais nó rannach atá ag athrú, tosca oibríochtúla agus taifead feidhmíochta an Chomhlachta féin. Cinnfidh na Ranna Airgeadais, i gcomhairle leis na Ranna Coimircíochta, cé na hathruithe, más ann dóibh, atá le hionchorprú sa doiciméad. Beidh an lámh in uachtar ag forálacha reachtúla ar aon chuid den doiciméad.

207. Réiteoidh na Ranna Coimircíochta aon cheist maidir le léirmhíniú an Mheabhráin Airgeadais seo i ndiaidh comhairliúcháin leis an Chomhlacht agus, más gá, leis na Ranna Airgeadais.

208. Ba cheart don Chomhlacht agus do na Ranna Coimircíochta athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar an MA gach cúig bliana ar a laghad.

209. Cuirfear an MA ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta.

210. Tháinig an MA leasaithe seo i bhfeidhm ón 1ú Lúnasa 2021 agus sáraítear leis an leagan a bhí ar obair ón 1ú Eanáir 2005.

Contents



This revised Memorandum came into effect, with the agreement of all parties, from 1 August 2021. It supersedes the version that was in operation from January 2005.

Date July 20th 2021

John McGarvey
Chief Executive,
Waterways Ireland

Date 6 September 2021

Senior Sponsor
Department for Infrastructure

Date 6/9/2021

Niall Ó Donnchú
Senior Sponsor
Department of Housing Local Government and Heritage

Contents

IARSCRÍBHINN A – PRIONSABAIL MAIDIR LE hEARCÚ FOIRNE SNA COMHLACHTAÍ FORFHEIDHMITHE THUAIDH THEAS

1. Déanfaidh na Comhlachtaí fostú agus bainistiú ar fhoireann ar bhonn an phrionsabail fiúntais agus laistigh de riachtanais reachtúla na ndlínsí bainteacha.

2. Déanfar fostú díreach ar fhoireann de réir riachtanais an Chomhlachta.

3. Ní státseirbhísigh iad an fhoireann a fhostaítear go díreach, ach fostaithe an Chomhlachta féin.

4. Coinneoidh foireann ar iasacht téarmaí agus coinníollacha a bhfostóra.

5. Beidh na Comhlachtaí freagrach as a bpolasaithe pearsanra féin agus as téarmaí agus coinníollacha seirbhíse neamh-phá a bhaineann lena bhfoireann féin. Tabharfar na polasaithe agus na téarmaí agus coinníollacha seo aird ar na cinn a bhaineann le hoifigigh phoiblí san ICS nó san NICS agus ar riachtanais reachtúla, agus beidh siad bunaithe orthu.

6. Beidh na Comhlachtaí freagrach as a gcaidrimh thionsclaíocha féin.

Contents

IARSCRÍBHINN B – TEORAINNEACHA CAITEACHAIS THARMLIGTHE

[Mar £1:€1.15* a rinneadh gach figiúr Euro a ríomh]

Ginearálta

Tá na teorainneacha caiteachais tarmligthe seo comhaontaithe ag na Ranna Coimircíochta agus ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní mór réamhchead na Ranna Coimircíochta a fháil le haghaidh suimeanna os cionn na luachanna seo. I gcás ina bhfuil cead ó Roinn/Ranna an Airgeadais ag teastáil, ba cheart é sin a lorg trí na Ranna Coimircíochta bainteacha.

Is féidir iad a athbhreithniú agus a leasú ó am go ham faoi réir chomhaontú na Ranna Coimircíochta agus Airgeadais.

Duine cuntasach

Tá an Príomhfheidhmeannach, mar an Duine Cuntasach don Chomhlacht, freagrach as a chinntiú go gcuirtear an caiteachas a thabhaítear agus an Comhlacht á reáchtáil laistigh den bhuiséad ceadaithe agus i gcomhréir leis na teorainneacha tarmligthe atá leagtha amach thíos.

Caiteachas Nua/Conspóideach

I dTuaisceart Éireann, i dtaca le haon tionscadail nua agus/nó ar féidir go mbeadh siad conspóideach, beag beann ar shuim an chaiteachais, ní mór cead a fháil ón Roinn Choimircíochta agus ón Roinn Airgeadais.

*[1] Ráta Pleanála do 2021 [€1 = £0.87/£1 = €1.149] leis an tsuim Euro arna neasú chuig €1.15.

Contents

Tarmligin Eile

Ní mór cead roimh ré a fháil ó na Ranna Coimircíochta maidir le suimeanna suas leis na luachanna a leanas.

		Suim
Cineálacha Tarmligean ar fud na gComhlachtaí [Airgeadra oibriúcháin le cur isteach ag na Comhlachtaí]		
Breithmheas Eacnamaíochta		>£250,000/€287,500
Tionscadail Chaipitiúla		Is féidir leis an Phríomh-Fheidhmeannach [oifigeach oiriúnach mar a fógraíodh do na Ranna Coimircíochta] caiteachas caipitiúil a fhaomhadh ar thionscadail chaipitiúla faoi leith dar luach suas go £2m/€2.3m. Aon chaiteachas os cionn £2m/€2.3m le faomhadh ag na Ranna Coimircíochta. Is féidir go mbeidh cead na Ranna Airgeadais de dhíth ar chaiteachas os cionn £2m/€2.3m
Aistriú nó Diúscairt Trealaimh/Sócmhainní Breise – féach leathanach 52		Más lú ná luach margaidh teastaíonn faomhadh na Ranna Coimircíochta.
Comhaontuithe Léasa agus Cíosa[4]		Cead roimh ré le fáil ó na Ranna Coimircíochta do gach uile léas réadmhaoine agus airgeadais.
Cóiríocht Oifige		Níl tarmligean ann
Tionscadail IT a fhaomhadh		£250k/€287.5k an teorainn tharmligthe don Chomhlacht maidir tionscadail aonair TEF.

[4] Tá an Roinn Airgeadais i mbun athbhreithnithe faoi láthair faoin gceist seo agus beidh soiléiriú ar fáil ó na Ranna Airgeadais.

		Faomhadh ó na Ranna Coimircíochta de dhíth ar thionscadail ar luach os a chionn seo. Aon chaiteachas os cionn £1m/€1.15m le faomhadh ag na Ranna Airgeadais.
Comhairleoirí Seachtracha a Fhostú		£10k/€11.5k Faomhadh aire de dhíth ar thionscadail bheartais Fheidhmeannas TÉ os cionn £10,000. Chomh maith leis sin beidh faomhadh RA de dhíth ar thionscadail os cionn £75,000, ina bheartas TÉ comhaontaithe ag Airí.
Caillteanais agus Íocaíochtaí Speisialta *Tá treoir mhion faoi chaillteanais agus íocaíochtaí speisialta a léirmhíniú sa tábla thíos in C1*	Caillteanais Íocaíochtaí Speisialta	N/A N/A
Caillteanais *Tá treoir mhion faoi chaillteanais agus íocaíochtaí speisialta a léirmhíniú sa tábla thíos in C1*	Caillteanais Airgid Thirim	£5k/€5.75k
	Caillteanais Stóras/Trealaimh	£50k/€57.5k
	Íocaíochtaí gan Toradh agus Caillteanais Chuiditheacha	£15k/€17.25k
	Éilimh a Tarscaoileadh nó a Tréigeadh	£100k/€115k
Íocaíochtaí speisialta – féach leathanach 50	Íocaíocht Chonartha Bhreise	£100k/€115k
	Íocaíochtaí Reachtúla Breise agus Rialaitheacha Breise	Níl tarmligean ann
	Íocaíochtaí Cúitimh • Ceangal Dlíthiúil • Dochar don Mhaoin Phearsanta • Ní dócha go mbainfidh UÉ, dar le comhairle dhlíthiúil	 £100k/€115k £10k/€11.5k £100k/€115k

	Scarúint Speisialta	Níl tarmligean ann

	Íocaíochtaí ex gratia. (Níl íocaíochtaí pinsin clúdaithe ag an tairseach seo)	£10k/€11.5k
	Íocaíochtaí athshlánaithe Airgeadais	Níl tarmligean ann
Bronntanais – *féach ailt 196-202*	Bronntanais a tugadh	£250/€287.50
	Bronntanais a fuarthas	£250/€287.50
Íocaíochtaí tugtha chun tosaigh/curtha siar 50		Riachtanas cead a lorg ó Ranna Airgeadais
Tarmligin a bhaineann le Comhlachtaí faoi leith [Na ranna coimircíochta le haon tarmligin a aithint a bhaineann le Comhlacht faoi leith lena gcur san áireamh sa chuid seo]		

Caillteanais agus Íocaíochtaí Speisialta

Beidh sé de chumhacht ag an Phríomhfheidhmeannach [an t-oifigeach cuí mar a chuirfear in iúl do na Ranna Urraíochta], caillteanais a dhíscríobh agus íocaíochtaí speisialta a dhéanamh suas go dtí na luachanna atá sonraithe sa tábla thuas. Ní mór réamhchead na Ranna Coimircíochta a fháil le haghaidh suimeanna os cionn na luachanna seo.

Ní mór gach caillteanas agus íocaíochtaí speisialta áirithe a chur faoi deara i gcuntais Uiscebhealaí Éireann.

Comhpháirtíochtaí Poiblí/Príobháideacha

Níor chóir breithniú a dhéanamh ar réitigh PPP ach amháin i gcás tionscadal a bhfuil luach €50 milliún nó níos mó aige.

Sócmhainní a Maoiníodh le Deontas a Athghabháil

I gcás ina bhfuil caiteachas ar shócmhainní caipitil maoinithe ag an Chomhlacht thar ceann tríú páirtí, socróidh an Comhlacht coinníollacha agus déanfaidh sé socruithe cuí chun a chinntiú nach ndéantar aon ghnóthas den sórt sin a dhiúscairt ag an tríú páirtí gan toiliú an Chomhlachta roimh ré.

Comhairleoirí Seachtracha a Fhostú

Tá údarás ag an Chomhlacht comhairleoirí seachtracha a cheapadh do **chonradh aonair** gan dul i muinín na Ranna Coimircíochta, suas go dtí costas ***iomlán*** mar a thaispeántar sa tábla thuas, faoi réir aon treoir a d'fhéadfadh na Ranna Coimircíochta nó na Ranna Airgeadais a eisiúint. Mar sin féin, i gcás inar dócha go sáróidh an costas teorainneacha tarmligthe na Ranna Coimircíochta, teastaíonn réamhfhaomhadh na Ranna Coimircíochta sula lorgófar tairiscintí nó sula ndéanfar cinneadh faoi na téarmaí tagartha.

I ngach cás ina sáraíonn an sannadh comhairliúcháin seachtrach £10k, ba cheart cás gnó comhréireach a ullmhú i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá sonraithe sa treoir bhreithmheastóireachta reatha a luadh thuas.

Cuirfidh an Comhlacht ráiteas bliantúil ar fáil do na Ranna Coimircíochta maidir le stádas na gcomhairliúchán seachtrach go léir a rinneadh i ngach bliain airgeadais. Is riachtanach measúnú a sholáthar ar fheidhmíocht na gcomhairleoirí seachtracha a bhí fostaithe, seachas i gcásanna nach sáraíonn costas tionscadail Stg £10,000.

Cuimsíonn an téarma "comhairleoireacht sheachtrach" gach conradh, taighde san áireamh ach seachas seirbhísí baile/tís, a dhéantar thar ceann an Chomhlachta nó ar a shon. Má bhíonn amhras ann, ba cheart don Chomhlacht dul i gcomhairle leis na Ranna agus soiléiriú a lorg maidir le conarthaí aonair.

Ba cheart a bheith cúramach chun coimhlintí leasa iarbhír, féideartha, braite nó inbhraite a sheachaint agus comhairleoirí agus foireann sheachtrach á bhfostú. Cinnteoidh an Comhlacht go gcloíonn sé leis na rialacha agus na ceanglais nochta a rialaíonn úsáid comhairleoirí seachtracha ag Ranna Rialtais láir.

Contents

Tábla C1 – Cuimsíonn Caillteanais

1. Cuimsíonn caillteanais
Caillteanais airgid thirim: caillteanais fhisiciúla airgid thirim agus a chomhionann (e.g. nótaí bainc, cártaí creidmheasa, aistrithe leictreonacha, orduithe iníoctha)
Caillteanais leabharchoimeádta: • íocaíochtaí gan admháil nó le hadmháil neamhiomlán, lena n-áirítear míreanna ar iarraidh. • muirir ar RfR chun iarmhéideanna dochair dothuigthe nó míchearta a ghlanadh
luaineacht an ráta malairte: caillteanais de bharr luaineachta i rátaí malairte nó athmheasúnuithe airgeadraí.
caillteanais pá, liúntais agus sochar pinsin a íoctar le fostaithe an Chomhlachta. • ró-íocaíochtaí i ngeall ar mhí-áireamh, mí-léirmhíniú nó eolas in easnamh
• saincheisteanna neamhúdaraithe, e.g. íocaíochtaí do-ghlactha
• caillteanais a eascraíonn as cúiseanna eile, e.g. an tairbhí gan na fíricí iomlána a nochtadh, díol folamh urraithe nó calaois chruthaithe.
Caillteanais a eascraíonn as ró-íocaíochtaí sochar slándála sóisialta, deontais, fóirdheontais, srl. de bharr mí-áirimh, mí-léirmhínithe nó eolais atá in easnamh. Cead ón Roinn Airgeadais (DoF) riachtanach.
Caillteanais a eascraíonn as gan táillí leordhóthanacha a ghearradh ar úsáid seirbhísí maoine poiblí. Cead ón Roinn Airgeadais riachtanach.
2. Cuimsíonn caillteanas stóras inchuntasaíochta:-
• calaois, gadaíocht, tineadóireacht nó sabaitéireacht atá cruthaithe nó a bhfuil amhras fúthu, nó aon ghníomh d'aon ghnó eile (lena n-áirítear damáiste indeisithe a rinneadh go mailíseach d'fhoirgnimh, do shiopaí, srl. fiú amháin i gcás nach bhfuil éileamh dlíthiúil ann).
• caillteanais de bhun cúiseanna eile
3. Íocaíochtaí gan Tairbhe agus Caillteanais Chuiditheacha
4. Éilimh a Tarscaoileadh nó a Tréigeadh
5. Íocaíochtaí Speisialta:
• **íocaíochtaí seach-chonarthacha:** íocaíochtaí a bhfuil an chuma orthu go gcuireann siad dualgas ar eagraíocht san earnáil phoiblí, cé nach bhfuil siad dlite go dlíthiúil faoi chonradh, dualgas a d'fhéadfadh na cúirteanna a dhaingniú. Féadfaidh íocaíochtaí a bheith seach-chonarthach fiú i gcás ina bhfuil amhras éigin faoi dhliteanas na heagraíochta íoc, e.g. i gcás ina bhforálann an conradh d'eadráin ach go sroichtear socrú lasmuigh di. (Is íocaíocht chonarthach í íocaíocht a dhéantar mar thoradh ar dhámhachtain eadrána)
• tá **íocaíochtaí eisreachtúla agus eisrialála** laistigh de rún leathan an reachta nó an rialacháin, faoi seach, ach téann siad níos faide ná léirmhíniú docht ar a théarmaí.
• déantar **íocaíochtaí cúitimh** chun réiteach a sholáthar as gortuithe pearsanta (seachas íocaíochtaí faoi alt 11 de Scéim Pinsin Phríomha na Seirbhíse Sibhialta (Tuaisceart Éireann)), timpistí tráchta, damáiste do mhaoin srl., a fhulaingíonn daoine sa tseirbhís phoiblí nó daoine eile. Áirítear orthu freisin íocaíochtaí eile le daoine sa tseirbhís phoiblí atá lasmuigh de scéimeanna reachtúla nó lasmuigh de chonarthaí.
• Íoctar **íocaíochtaí scarúna speisialta** le fostaithe, conraitheoirí agus daoine eile os cionn na ngnáthriachtanas reachtúil nó conarthach nuair a fhágann siad fostaíocht sa tseirbhís phoiblí, cibé acu a éiríonn siad as, a bhristear as oifig iad, nó a shroicheann siad deireadh conartha ar chomhaontaigh páirtithe leis.
• téann **íocaíochtaí ex gratia** thar chumhdach reachtúil, dliteanas dlíthiúil, nó rialacha riaracháin, lena n-áirítear: - íocaíochtaí a dhéantar chun cruatan a chúiteamh a eascraíonn as teip nó moill oifigiúil

- socrúcháin lasmuigh den chúirt chun gníomh dlí a sheachaint ar fhoras leordhóthanachta oifigeach
- íocaíochtaí le conraitheoirí lasmuigh de chonradh ceangailteach, e.g. de bhun cruatain.

Contents

IARSCRÍBHINN C – TAIRSEACHA SOLÁTHAIR LE hAGHAIDH EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ A CHEANNACH

Údarás Tarmligthe le haghaidh Earraí agus Seirbhísí a Cheannach

Caithfidh Comhlachtaí Thuaidh/Theas cloí le Treoracha an AE um Sholáthar Poiblí nó le Polasaí Soláthair Thuaisceart Éireann is infheidhme, ag brath ar an réigiún ina n-oibríonn siad. Leagann an tábla seo a leanas amach na tairseacha reatha do sholáthar poiblí earraí agus seirbhísí ag Comhlachtaí Thuaidh/Theas. Féadfar na tairseacha atá san Iarscríbhinn seo den MA a nuashonrú ó am go ham de réir mar a chomhaontaíonn an dá Roinn Airgeadais.

Tairseach TÉ	**Tairseach Éireann** **Earraí agus Seirbhísí**	**Tairseach Éireann Bainteach le hOibreacha Seirbhísí (gairmiúla)** (1)	**Tairseach Éireann Oibreacha** (2)
Suas go dtí £10,000 Fianaise a chur ar fáil gur iarradh dhá phraghas, nuair is féidir sin.	**Níos lú ná €5,000** Gá le haon mheastachán amháin nó níos mó.		
£10,000 - £50,000 Iarrtar 3 mheastachán scríofa, nuair is féidir sin	**€5,000 - faoi €50,000** Gá le 3 Mheastachán Scríofa ar a laghad.	**Níos lú ná €50,000** **5 thairiscint scríofa ar a laghad** a lorg ó chonraitheoirí inniúla fonnmhara	**Níos lú ná €200,000** **5 thairiscint scríofa ar a laghad** a lorg ó chonraitheoirí inniúla fonnmhara
£50,000 – Tairseach TÉ Fógraíocht a dhéanamh ar www.etendersni.gov.uk	**€50,000 - Tairseach AE** Fógraíocht a dhéanamh ar www.etenders.gov.ie	**€50,000 – Tairseach AE** Tairiscint phoiblí agus Fógra faoi Chonradh foilsithe ar www.etenders.gov.ie	**€200,000 – Tairseach AE** Tairiscint phoiblí agus Fógra faoi Chonradh foilsithe ar www.etenders.gov.ie
Os cionn Thairseach TÉ Fógraíocht a dhéanamh ar www.etendersni.gov.uk agus seirbhís tairisceana a aimsiú.	**Os cionn Thairseach AE** Tairiscintí poiblí (oscailte nó faoi shrian) agus Fógra Conartha a fhoilsiú ar www.etenders.gov.ie agus sa OJEU	**Os cionn Thairseach AE** Tairiscintí poiblí (oscailte nó faoi shrian) agus Fógra Conartha a fhoilsiú ar www.etenders.gov.ie agus sa OJEU	**Os cionn Thairseach AE** Tairiscintí poiblí (oscailte nó faoi shrian) agus Fógra Conartha a fhoilsiú ar www.etenders.gov.ie agus sa OJEU

Contents

Ceisteanna Coitianta TÉ: **FAQs for PPN 04/21 Procurement Control Limits - NI Dept of Finance**

eTendersNI: **Find a Tender (Central Digital Platform/UK Procurement Act) guidance June 2025**

Féadfar úsáid a bhaint as Comhaontuithe Creatchláir chomhlíontacha mar nós imeachta le cead i scríbhinn a fháil roimh ré ó Sholáthar UÉ

Ceisteanna Coitianta Éireann: **FAQs for Circular 05/2023 - gov.ie** (sliocht thíos):

For contracts valued between €5,000 and €50,000, buyers have multiple options. Contracts can be awarded based of the following competitive processes:

- Responses to written specifications (including by email) that were sent to at least three suppliers,
- Responses to at least three quotations obtained using the electronic request for quotes facility on eTenders, or
- A more formal tendering process by advertising on eTenders.

1. Clúdaíonn conarthaí Seirbhísí Gaolmhara Oibre an réimse leathan de chomhairleoirí gairmiúla a theastaíonn chun tionscadal Oibre a sheachadadh go rathúil. Is ionann Tairseach AE agus Soláthairtí/Seirbhísí thíos.

(1) Leagtar amach liosta de ghníomhaíochtaí faoi chonarthaí Oibreacha (e.g. Tógáil, Ullmhúchán Suímh, Scartáil, Suiteáil/Oibreacha Pluiméireachta) i Sceideal 1 de S.I. No. 284/2016 - EU (Award of Public Authority Contracts) Regs 2016

Luach gar do theorainn uasta na tairsí

Má tá luach measta an cheannacháin gar d'uasteorainn na tairsí, ba cheart an líon measatachán/tairiscintí a theastaíonn sa chéad bhabhta eile a chur i bhfeidhm. Táthar ag súil go gcomhcheanglóidh an Comhlacht ceannacháin arís agus arís eile chun cumhacht cheannaigh a mhéadú. Níor chóir orduithe a scoilteadh ar mhaithe leis an ngá le tairiscint iomaíoch a sheachaint.

Ní bhfuarthas an líon íosta measatachán/tairiscintí

I gcás aon cheannaigh nó conartha nach bhfaightear an líon íosta measatachán/tairiscintí ina leith, féadfar leanúint leis an cheannach má tá an Duine Cuntasach sásta go ndearnadh gach iarracht tairiscintí iomaíocha a fháil agus go mbainfear luach an airgid amach. Sna cásanna seo, ba cheart don Duine Cuntasach tuarascáil a chomhlánú agus ba cheart taifid an chomhfhreagrais go léir a choinneáil ar comhad, lena n-áirítear aon údarú a tugadh agus/nó aon fhaomhadh a fuarthas.

Conarthaí a bronnadh gan iomaíocht

Teastaíonn faomhadh ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Coimircíochta i gcás conarthaí ar luach os cionn £30,000/€34,500 a bhronntar gan iomaíocht .

Contents

IARSCRÍBHINN D - COMHGHNÁSANNA INIÚCHTA

Cur i bhfeidhm na gceanglas cuntas/iniúchóireachta maidir le Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas (seachas an Comhlacht Teanga agus Turasóireacht Éireann Teo.), ag na comhlachtaí, na hAirí Coimircíochta agus na Ranna, na Ranna Airgeadais, Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus na hArd-Reachtairí Cuntais agus Ciste.

Nóta: Leagtar amach na ceanglais reachtúla san Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus san Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999.

Ráiteas Cuntas (Iarscríbhinn 2, cuid 7, alt 2.4 de Chomhaontú na gComhlachtaí Forfheidhmithe)

1. Eiseoidh na Ranna Coimircíochta, le faomhadh na Ranna Airgeadais, treoir chuntas don Chomhlacht ina sonraítear an fhaisnéis atá le bheith sa ráiteas cuntas agus foirm an ráitis sin. Ullmhóidh an Comhlacht ráiteas cuntas i leith gach bliana. Beidh san áireamh sa ráiteas cuntas an fhaisnéis atá leagtha amach sa treoir chuntas agus beidh sé san fhoirm sin.

Iniúchadh ar Chuntais (Iarscríbhinn 2, cuid 7, alt 2.5 de Chomhaontú na gComhlachtaí Forfheidhmithe)

2. Cuirfidh an Comhlacht an ráiteas cuntas faoi bhráid na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste (ARCCanna), agus na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT). Ba cheart don Phríomhfheidhmeannach na cuntais a shíniú.

3. Ba chóir na cuntais a sheoladh chuig na Ranna Coimircíochta ar mhaithe le heolas.

4. Déanfaidh na ARCCanna, i gcomhar lena chéile, an ráiteas cuntas a sholáthraíonn gach Comhlacht a scrúdú agus a dheimhniú.

5. Ar chríochnú na hoibre iniúchóireachta allamuigh, tá trí thoradh féideartha ann:

   - Teastas iniúchta gan cháiliú (gan tuarascáil)
   - Teastas iniúchta gan cháiliú (ach tá tuarascáil ó ARCC ceangailte).
   - Teastas iniúchta cáilithe

   Tá tuilleadh eolais thíos faoi na cásanna seo.

Teastas iniúchta gan cháiliú (gan tuarascáil)

6. Sa chás seo, níor aimsíodh aon earráid shuntasach ná neamhrialtacht. Dá bhrí sin, tá na ARCCanna in ann teastas iniúchta neamhchoinníollach a shíniú le ceangal leis na cuntais. Dearbhaíonn an teastas neamhchoinníollach seo, dar leis na ARCCanna, go dtugann na cuntais léargas fíor agus cothrom ar an Chomhlacht don tréimhse chuntasaíochta agus gur cuireadh ioncam agus caiteachas i bhfeidhm ar na cuspóirí a bhí beartaithe ag an Tionól agus ag Dáil Éireann.

(i) Teastas iniúchta gan cháiliú (ach tá tuarascáil ó ARCC ceangailte)

7. Níor aimsíodh aon earráid shuntasach ná neamhrialtacht, ach tá ceist nó ceisteanna aitheanta ag na ARCCanna ar mian leo a chur in iúl don Tionól agus do Dháil Éireann toisc go bhfuil tuarascáil phoiblí tuillte acu. Sa chás seo, ceanglóidh na ARCCanna deimhniú iniúchta neamhchoinníollach leis na cuntais mar a luaitear thuas, ach ullmhóidh siad tuarascáil chun dul in éineacht leis na cuntais a chuirfear faoi bhráid an Tionóil agus Dháil Éireann.

8. Ullmhóidh na ARCCanna an tuarascáil i bhfoirm dhréachta ar dtús agus tabharfar í do Phríomh-Fheidhmeannach an Chomhlachta chun barúil a fháil agus, más cuí leis na ARCCanna, don dá Roinn Choimircíochta agus do na Ranna Airgeadais mar eolas.

9. Tabharfaidh na ARCCanna aird ar thuairimí an Chomhlachta mar aon le haon nóta tráchta ó na Ranna Coimircíochta agus an tuarascáil á críochnú acu. Ansin, sínfidh na ARCCanna an teastas iniúchta neamhchoinníollach agus ceanglófar an teastas iniúchta agus an tuarascáil leis na cuntais.

(ii) Teastas iniúchta cáilithe

10. Fuarthas neamhrialtacht shuntasach nó earráid. Sa chás seo, déanfaidh na ARCCanna a dtuairim a cháiliú sa teastas iniúchóireachta, toisc nach dtugann na cuntais, i ngné áirithe, léargas fíor agus cóir ar an Chomhlacht don tréimhse chuntasaíochta, nó toisc gur cuireadh an t-ioncam agus an caiteachas sa tréimhse chuntasaíochta i bhfeidhm ar chuspóirí nár bheartaigh an Tionól agus Dáil Éireann. Féadfaidh na ARCCanna tuarascáil a ullmhú freisin le cur leis na cuntais a mhíneoidh go hiomlán na cúinsí ar eascair an cáiliú iniúchóireachta astu.

11. Mar a shonraítear thuas, ullmhóidh na ARCCanna an tuarascáil i bhfoirm dhréachta ar dtús agus tabharfar í do Phríomh-Fheidhmeannach an Chomhlachta chun trácht a fháil, agus más cuí le na ARCCanna, tabharfar í don dá Roinn Choimircíochta agus do na Ranna Airgeadais mar fhaisnéis.

12. Tabharfaidh na ARCCanna aird ar thuairimí an Chomhlachta, mar aon le haon nóta tráchta ó na Ranna Coimircíochta, agus an tuarascáil á críochnú acu. Síneoidh na ARCCanna an teastas iniúchta cáilithe agus ceanglófar leis na cuntais é in éineacht lena dtuarascáil.

(iii) Cuntais iniúchta agus tuarascálacha a eisiúint

13. Eiseoidh an dá Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an ráiteas iniúchta cuntas agus aon tuarascáil do Phríomhfheidhmeannach an Chomhlachta. Cuirfidh an Príomhfheidhmeannach cóip ar aghaidh chuig na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais.

14. Cuirfidh na hAirí Coimircíochta cóip de ráiteas iniúchta na gcuntas agus aon tuarascáil faoi bhráid CATT.

Cuntais a leagan faoi bhráid (Iarscríbhinn 2, Cuid 7, alt 2.6 de Chomhaontú na gComhlachtaí Forfheidhmithe [agus an reachtaíocht ábhartha sa Tuaisceart agus sa Deisceart])

15. Leagfaidh Aire Roinn Choimircíochta Thuaisceart Éireann an ráiteas deimhnithe cuntas agus aon tuarascáil ghaolmhar ó na ARCCanna faoi bhráid anTionóil.

16. Leagfaidh Aire Roinn Choimircíochta na hÉireann an ráiteas deimhnithe cuntas agus aon tuarascáil ghaolmhar ó na ARCCanna faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

Contents

IARSCRÍBHINN E –CUNTAIS A CHUR FAOI BHRÁID AGUS TUAIRISCIÚ MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ

NÓTA TREORACH DO NA COMHLACHTAÍ FORFHEIDHMITHE THUAIDH THEAS AGUS TURASÓIREACHTA ÉIREANN TEO. FAOINA gCUNTAIS A CHUR FAOI BHRÁID AGUS TUAIRISCIÚ MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ

1. Cúlra

Leagtar amach san Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999 ('Ordú 1999'); san Acht um Chomhaontú na Breataine agus Éireann 1999 ('an tAcht') agus sa Mheabhrán Airgeadais do gach ceann de na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas (na Comhlachtaí) coinníollacha áirithe agus ceanglais airgeadais a gcaithfidh na comhlachtaí cloí leo.

Déantar breithniú sa nóta treorach seo faoi na nithe a leanas:

- cuntais a chur isteach chuig na hArd-Reachtairí Ciste agus Cuntais (ARCC) agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT);
- tuairisciú ag na Comhlachtaí faoina ngníomhaíochtaí gach bliain do CATT
- tuarascáil bhliantúil agus cuntais an Chomhlachta a leagan faoi bhráid an Tionóil agus dhá Theach an Oireachtais.

2. Cuntais a leagan faoi bhráid ARCC agus CATT

Ceanglaítear ar gach Comhlacht ráiteas cuntas a ullmhú go bliantúil agus é a chur faoi bhráid CATT agus ARCC araon. Ba cheart an ráiteas cuntas 'neamhiniúchta' seo a chur faoi bhráid na ARCC lena iniúchadh agus faoi bhráid CATT lena nótáil, a luaithe agus is féidir tar éis dheireadh na Bliana Airgeadais lena mbaineann siad (is é sin 31 Nollaig i gcás na gComhlachtaí Thuaidh/Theas), ach tráth nach déanaí ná 1 Aibreán na bliana ina dhiaidh sin. (I gcás an Chomhlachta Teanga, is é an ráiteas comhdhlúite cuntas 'neamhiniúchta' ar cheart a chur faoi bhráid).

(Nóta: sa chomhthéacs seo, ciallaíonn ‘cur faoi bhráid’ curtha faoi bhráid an chruinnithe earnála chuí de CATT.)

3. Tuarascáil Bhliantúil faoi Ghníomhaíochta a chur isteach chuig CATT.

Luann an reachtaíocht freisin gur cheart do gach ceann de na comhlachtaí tuarascáil ar a ngníomhaíochtaí a chur faoi bhráid CATT gach bliain. Dá réir sin, ba cheart do chomhlachtaí a dTuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid CATT le haghaidh nótála, ag an am céanna a gcuireann siad a gcuntas neamhiniúchta faoi bhráid CATT. Leagfar an Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid nuair a bheidh na cuntais deimhnithe – féach thíos. (Nóta: caithfidh an Tuarascáil Bhliantúil a bheith mar an gcéanna leis an tuarascáil a leagtar amach leis na cuntais

dheimhnithe os comhair an Tionóil agus dhá Theach an Oireachtais).

4. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais a chur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus Thithe an Oireachtais.

Nuair a bheidh na cuntais deimhnithe ag ARCC, tá de cheangal ar Airí na Ranna Coimircíochta do gach Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas cóip dá:

- Thuarascáil bhliantúil;
- Chuntais iniúchta; agus
- Aon tuairisc ag ARCC maidir leis na cuntais iniúchta

a chur faoi bhráid an Tionóil agus dhá Theach an Oireachtais.

Ba cheart na cuntais dheimhnithe a leagan amach 'ag an am céanna a mhéid is féidir' sa Tuaisceart agus sa Deisceart agus chomh luath agus is féidir, ach tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis do na deimhnithe iniúchóireachta a bheith sínithe ag na ARCCanna nó faoin 30 Meitheamh, cibé acu is túisce.

Ós rud é go n-éilítear ar Chomhlachtaí na cuntais iniúchta a chuimsiú ina dtuarascáil bhliantúil agus an méid sin a fhoilsiú mar dhoiciméad amháin, is é an doiciméad seo, an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais, ba cheart do na hAirí Coimircíochta a leagan faoi bhráid an Tionóil agus dhá Theach an Oireachtais.

Ba cheart Rúnaíocht CATT agus na Ranna Coimircíochta a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn agus a chur ar an eolas má mheasann comhlachtaí nach mbeidh siad in ann an próiseas seo a chur i gcrích laistigh den amchlár forordaithe.

Beidh feidhm ag an ghnáthnós imeachta maidir le cáipéisí a chur faoi bhráid an Tionóil agus dhá Theach an Oireachtais.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nár cheart doiciméid atá le leagan faoi bhráid Theach an Tionóil agus dhá Theach an Oireachtais a fhoilsiú sula leagtar faoi bhráid iad. Is sárú tromchúiseach ar phribhléid pharlaiminteach é seo.

Seicheamh na n-imeachtaí seo

1) Ráiteas Cuntais a chur isteach chuig na ARCCanna don iniúchadh agus do CATT lena nótáil. Ba chóir seo a dhéanamh chomh luath agus is féidir tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann na comhlachtaí, ach tráth nach déanaí ná an 1ú Aibreán an bhliain dár gcionn.

2) Tuarascáil Bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí a chur isteach chuig

CATT in éineacht leis an Ráiteas Cuntas.

3) Tar éis do na ARCCanna na Cuntais a dheimhniú, leagtar an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais Dheimhnithe (lena n-áirítear aon tuarascáil ó ARCC) faoi bhráid an Tionóil agus dhá Theach an Oireachtais ag an am céanna. Cuirtear na gnáthnósanna imeachta parlaiminteacha i bhfeidhm.

4) Foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais.